



msletb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
Mayo, Sligo and Leitrim
Education and Training Board

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2021

Seirbhísí Corparáideacha
Ceanncheathrú BOOMSL
An Baile Nua
Caisleán an Bharraigh,
Co Mhaigh Eo
F23 DV78

BILEOG RIALAITHE DOICIMÉAD

An tAonad Gnó	Roinn na Seirbhísí Corparáideacha BOOMSL
Catagóir Oibre	Rialachas
Teideal an Doiciméid	Tuarascáil Bhliantúil
Uimhir an Doiciméid	V1

Rev (de réir buntáisc)	Stádas	Údar/Údair	Athbheithnithe ag	Faofa ag	Bunoifig	Dáta Eisiúna
V1	Leagan deireanach	Teimpléad oiriúnaithe ón Roinn Oideachais & BOOMSL	JK, CL, OR	FBF: 13 Meitheamh 2022 Bord BOOMSL: 13 Meitheamh 2022	Ceanncheathrú, Caisleán an Bharraigh	13 Meitheamh 2022

Clár Ábhair

Brollach	1
Bord Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma	2
Feidhmeanna an Bhoird BOO:	2
Freagrachtaí an Bhoird:	2
Cruinnithe an Bhoird	3
An Coiste Airgeadais	5
An Coiste Iniúcháireachta & Riosca	5
Bainistíocht Riosca:	6
Córas maidir le Rialú Inmheánach:	6
Beartais agus Nósanna Imeachta Soláthair:	6
Cánachas:	6
Ráitis Airgeadais 2021:	6
Struchtúr na hEagraíochta	8
Ráiteas Seirbhísí	9
Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta	9
Airgeadas	11
Covid-19	11
Ráitis Airgeadais Bhliantúla	11
Seirbhísí Comhroinnte	11
SUN Financials	11
Íocaíochtaí Foghlaimeora	11
Seirbhísí Corparáideacha	12
Sláinte & Sábháilteacht & Plean Freagartha do Covid-19:	12
Saincheisteanna Árachais agus Díl:	12
Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise:	12
Soláthar	13
Foirgnimh	13
Athbhreithniú ar Thionscadal TFC 2021	14
Forbairt an tSuímh Gréasáin:	15
Acmhainní Daonna	16
Comhshó TFO	16
Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána	16
Earcaíocht	16
Pinsean	16

Tionscadal CoreHR SGSO: _____	16
Oiliúint & Forbairt _____	17
Achoimre Airgeadais _____	18
Príomhchaidrimh _____	18
Scoileanna BOOMSL _____	19
Dúshlán maidir leis an Ardteistiméireacht & an Sraith Shóisearach _____	19
Oiliúint an Bhoird Bainistíochta _____	20
Cur chun feidhme Chreat BOOÉ maidir le hÉiteas laistigh de BOOMSL _____	20
Ag Tacú le Soláthar Sábháilte Scolaíochta _____	20
Breisoideachas agus Oiliúint (BO) _____	24
Seirbhísí BO a fhorbairt i BOOMSL _____	24
Cláir BO _____	27
Obair Óige _____	30
An tSeirbhís um Threoir agus Faisnéis san Oideachas Aosach _____	32
Rannpháirtíocht Fostóirí _____	32
An Ciste um Míbhuntáiste Oideachais a Mhaolú (MAEDF) _____	32
Eolas teagmhála _____	33
Gluais _____	34
Aguisín 1: Scoileanna, Ionaid agus Coistí BOOMSL _____	35
Aguisín 2: Naisc le Tuarascálacha _____	39

Brollach

Tá an-phribhléid orm Tuarascáil Bhliantúil 2021 de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMSL) a chur i láthair. Deis is ea an tuarascáil seo aird a tharraingt ar an réimse cuimsitheach gníomhaíochtaí atá déanta ag scoileanna, ionaid agus seirbhísí BOOMSL le bliain anuas. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil freisin ar an ngné ghaolmhar airgeadais agus corparáideach den obair a rinneadh i BOOMSL in 2021.

Is mian liom an obair a rinneadh ar an tuarascáil bhliantúil seo a mholadh agus gabhaim buíochas le baill uile Bhord BOOMSL mar aon leis an mbainistíocht feidhmiúcháin agus le foireann uile na heagraíochta, a leanann orthu ag tabhairt a gcuid ama go fial agus sa tréimhse is dúshlánaí seo inár stair, chun tacaíocht a thabhairt d'earnáil oideachais agus oiliúna a thógáil sa réigiún seo le linn 2021. Níl aon amhras orm ach i bhfianaise an tiomantais a léirigh gach duine a bhí bainteach leis an mbliain is deacra seo, go gcinnteimid go leanfaidh BOOMSL ag freastal ar aon athrú agus/nó dúshlán nua a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus muid ag iarraidh seirbhísí oiliúna agus oideachais nuálach ardcháiliúil, sofhreagrach agus nuálach a sholáthar dár bpobal.

Rosaleen O'Grady, Cathaoirleach

Tá áthas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMSL) Tuarascáil Bhliantúil 2020 a chur i láthair duit. Le linn 2021, lean BOOMSL air ag fás agus ag feabhsú in ainneoin na ndúshlán iomadúil a bhí ann de bharr na paindéime. Is mian liom aitheantas a thabhairt do gach duine i bpobal iomlán BOOMSL agus buíochas a ghabháil leo as an athléimneacht a léiríodh i rith na bliana. Leis na hiarrachtaí agus an tiomantas ar thug na baill foirne do BOOMSL gur lean agus d'fhorbair ár seirbhísí i rith na bliana, lenar tugadh rath leanúnach dár bhfoghlaimeoirí agus dár mic léinn i rith 2021.

Sa tuarascáil seo tugtar deis machnamh a dhéanamh ar gach ní a bhfuil bainte amach againn in 2021 agus muid ag stiúradh soláthar oideachais agus oiliúna sa réigiún trí chomhar agus chomhoibriú leis an tionscal agus fiontar áitiúil, pobail agus an iliomad páirtithe leasmhara atá againn.

D'fhorbair feasacht an phobail ar BOOMSL sa réigiún go suntasach i rith na bliana, chomh maith lenár mbunluachanna mar eagraíocht: Tá Réamhghníomhaíocht, Gairmiúlacht, Comhoibriú agus Cáilíocht fós i gcoilár dár soláthar seirbhíse atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht ár gcuid maoinitheoirí uile, ár mBord agus ár bpáirtithe leasmhara uile agus táim ag tnúth leis an mbliain 2022 agus ina dhiaidh sin agus le forbairt leanúnach BOOMSL.

Tom Grady, Príomhfheidhmeannach

Bord Bhord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma (BOOMSL) faoin *Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013* agus tá sé freagrach agus cuntasach as treoir agus rialú ceart a fheidhmeanna i limistéar údarás áitiúil Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma.

Cloíonn BOOMSL leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Bhoird Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán 0002/2019 na Roinne Oideachais agus Scileanna* (“Cód Cleachtais 2019”). Is é aidhm an chóid ná a chinntiú go gcuireann BOOMSL Prionsabail an dea-rialachais agus na dea-bainistíochta i bhfeidhm.

Feidhmeanna an Bhoird BOO:

Is feidhmeanna forchoimeáda iad cinntí arna ndéanamh ag an mBord agus tá siad leagtha amach in Alt 12 (2) den Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus sa Chód Cleachtais 2019, le sceideal iomlán leagtha amach in Aguisín A den Chód. Meastar gur Feidhmeanna Feidhmiúcháin don Phríomhfheidhmeannach iad cinntí nach sonraítear sa Chód. Tá an Bord sásta go dtarlmligeann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna nuair is cuí agus i gcomhréir le hAcht na mBord Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Freagrachtaí an Bhoird:

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil ina nochtar le cruinneas réasúnta tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Tá an Bord freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go gcuirtear ioncam agus caiteachas an Bhoird agus staid chúrsaí an Bhoird i láthair i gceart sna Ráitis Airgeadais Bliantúla

Agus atá na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord:

- (a) na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha a chur i bhfeidhm chun ráitis airgeadais an BOO a ullmhú
- (b) breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- (c) aon imeacht ábhartha ó na polasaithe caighdeánacha cuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Le linn 2021, rinn an Bord na doiciméid seo a leanas a fhaomhadh:

- Glacadh na Tuarascála Bliantúla,
- Ráitis Airgeadais,
- Glacadh an Phlean Seirbhíse,
- Freastal údaraithe comhaltaí ag comhdhálacha,
- Faomhadh fáil, sealbhú, agus diúscairt talún nó leasa i gcomhréir le rialacháin na Roinne Oideachais.
- Cinntíodh go raibh taifid chruinne á gcoinneáil maidir le cruinnithe agus cinntí.

Cruinnithe an Bhoird

Tháinig an Coiste Iniúchta & Riosca le chéile seacht n-uaire le linn 2021, de réir Alt 4.3 de Chód Cleachtais 2019. Mar thoradh ar Covid-19 agus de réir threoirínte an Rialtais, tionóladh cruinnithe an Bhoird ar bhonn fíorúil le linn 2021. Leagtha amach thíos, tá liosta den Phríomhbhord mar aon le taifead tinrimh gach Comhalta Boird:

Clár Tinrimh & Minicíocht Chruinnithe an Phríomhbhoird									
Ainm Chomhaltaí an Choiste	Comhlacht Ainmniúcháin	Dáta an Chruinnithe 16.02.21	Dáta an Chruinnithe 23.03.21	Dáta an Chruinnithe 20.04.21	Dáta an Chruinnithe 22.06.21	Dáta an Chruinnithe 14.09.21	Dáta an Chruinnithe 09.11.21	Dáta an Chruinnithe 16.12.2021	Lion Iomlán na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh
An Clr John Caulfield, Cathaoirleach Suas go deireadh MF '21	Co. Co. Mhaigh Eo	X	X	X	X	X	X		6/7
An Clr Rosaleen O'Grady Cathaoirleach (ó DF '21) Leas-Chathaoirleach (suas go deireadh MF '21)	Co. Co. Shligigh	X	X	X	X	X	X	X	7/7
An Clr Mary Bohan Leas-Chathaoirleach (ó DF '21)	Co. Co. Liatroma	X	X	X	X	X	X	X	7/7
An Clr Seán Carey	Co. Co. Mhaigh Eo	X		X	X	X	X	X	6/7
An Clr Tom Connolly	Co. Co. Mhaigh Eo	X	X	X	X	X		X	6/7
An Clr Christy Hyland	Co. Co. Mhaigh Eo	X	X	X	X	X	X	X	7/7
An Clr Donna Sheridan	Co. Co. Mhaigh Eo	X	X	X	X	X		X	6/7
An Clr Richard Finn	Co. Co. Mhaigh Eo	X	X	X		X			4/7
An Clr Arthur Gibbons	Co. Co. Shligigh		X	X		X	X		4/7
An Clr Marie Casserly	Co. Co. Shligigh	X		X	X	X			4/7
An Clr Paddy O'Rourke	Co. Co. Liatroma	X	X	X	X	X	X	X	7/7
An Clr Enda Stenson	Co. Co. Liatroma	X	X	X	X	X	X	X	7/7

Clár Tinrimh & Minicíocht Chruinnithe an Phríomhbhoird

Ainm Chomhaltaí an Choiste	Comhlacht Ainmiúcháin	Dáta an Chruinnithe 16.02.21	Dáta an Chruinnithe 23.03.21	Dáta an Chruinnithe 20.04.21	Dáta an Chruinnithe 22.06.21	Dáta an Chruinnithe 14.09.21	Dáta an Chruinnithe 09.11.21	Dáta an Chruinnithe 16.12.2021	Líon Iomlán na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh
Nicole McGowan	Ionadaí Foirne BOOMSL		X	X	X	X	X		5/7
Pat Coffey	Ionadaí Foirne BOOMSL	X	X	X	X	X	X	X	7/7
Susan Finan	Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí do Scoileanna BOO.	X	X	X	X	X	X	X	7/7
Gerard Murphy	Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí do Scoileanna BOO.	X	X	X	X	X	X		6/7
An Dr Jennifer Van Aswegen	Cónaidhm Míchumais na hÉireann i gcomhar le AHEAD	X	X	X	X		X	X	6/7
Pat Forde	Obair d'Ógra Éireann	X	X	X	X	X	X	X	7/7
Malachy Molloy	Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha	X	X	X		X	X	X	6/7
Seamus Kilgannon	Cumann Teicniúil Ardoideachais	X	X	X		X	X	X	6/7
Pamela Ní Thaidhg	Údarás na Gaeltachta	X	X	X	X	X	X	X	7/7

An Coiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huairé le linn 2021. De réir Alt 4.11 de Chód Cleachtais 2019, leagtar amach thíos liosta an Choiste Airgeadais mar aon le taifead tinrimh gach Comhalta Boird:

Clár Tinrimh & Minicíocht Chruinnithe an Choiste Airgeadais						
Ainm Chomhaltaí an Choiste	Comhalta Inmheánach / Seachtrach	Dáta an Chruinnithe 12.02.21	Dáta an Chruinnithe 22.03.21	Dáta an Chruinnithe 12.11.2021	Dáta an Chruinnithe 10.12.2021	Líon Iomlán na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh in 2021
An Clr Paddy Bourke (Cathaoirleach)	Inmheánach	X	X	X	X	4/4
Sean Duffy	Seachtrach	X	X	X	X	4/4
An Clr Mary Bohan	Inmheánach		X	X		2/4
An Clr Tom Connolly	Inmheánach	X		X	X	3/4
John O' Malley	Seachtrach	X	X	X	X	4/4

An Coiste Iniúcháin & Riosca

Tháinig an Coiste Iniúcháin & Riosca le chéile ceithre huairé le linn 2021, de réir Alt 7.18 de Chód Cleachtais 2019. Tá liosta an Choiste Iniúcháin & Riosca mar aon le taifead tinrimh gach Comhalta Boird leagtha amach thíos:

Clár Tinrimh & Minicíocht Chruinnithe an Choiste Airgeadais						
Ainm Chomhaltaí an Choiste	Comhalta Inmheánach / Seachtrach	Dáta an Chruinnithe 12.03.21	Dáta an Chruinnithe 21.05.21	Dáta an Chruinnithe 05.10.21	Dáta an Chruinnithe 07.12.21	Líon Iomlán na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh in 2021
Des Mahon	Seachtrach	X	X	X	X	4/4
Pearce O' Malley	Seachtrach	X	X	X	X	4/4
Lauri Quinn	Seachtrach	X	X	X	X	4/4
Seamus Kilgannon	Inmheánach	X	X	X	X	4/4
An Clr Christy Hyland	Inmheánach			X		1/4
Malachy Molloy	Inmheánach		X		X	2/4

Bainistíocht Riosca:

Leanann an Bord le maoirseacht ghníomhach a dhéanamh ar bhainistíocht riosca agus deimhníonn sé gur thug sé faoi mheasúnú ar na príomhrioscaí na bearta maolaithe gaolmhara agus go ndearna sé athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart seo in 2021. Déanann an Bord bainistíocht ar riosca don eagraíocht trí chlár bainistíochta riosca struchtúrtha. Cabhraíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca leis an mBord ó thaobh a fheidhme bainistíochta riosca. Braitheann an Bord freisin ar an Aonad Iniúcháireachta Inmheánaí (an AII) agus a chuid tuarascálacha, ar iniúchadh bliantúil an ARCC agus ar aon Iniúchadh seachtrach a dhéantar, ar nós iniúchadh an CSE agus/nó iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim. Ina theannta sin, déantar athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha a dhéantar ar bhonn bliantúil.

Is mír bhuan í Bainistíocht Riosca ag gach cruinniú Boird agus áirítear an méid seo a leanas leis na nithe a bhreithnítear:

- Tuarascálacha riosca ón mbainistíocht shinsearach lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca (CRO)
- Tuarascálacha an Choiste Iniúchta & Riosca
- Athruithe ar rátálacha riosca
- Clár Iniúchta

Áirítear mionsonraí de na príomhrioscaí agus bearta nó straitéisí maolaithe gaolmhara sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilseofar laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear iad ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.

Córas maidir le Rialú Inmheánach:

Deimhníonn an Bord go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus gur cuireadh an Ráiteas ar Rialú Inmheánach, a d'fhéadfadh athrú go dtí go gcríochnófar an t-iniúchadh seachtrach, san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021, a fhoilseofar laistigh de mhí amháin tar éis iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.

Beartais agus Nósanna Imeachta Soláthair:

Deimhníonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Cateachais Phoiblí agus le cur chun feidhme an Phlean Chorpáidigh um Sholáthar.

Cánachas:

Deimhníonn an Bord gur chloígh an BOO lena oibleagáidí faoin dlí cánach.

Ráitis Airgeadais 2021:

Tháinig Ráitis Airgeadais Bhliantúla BOOMSL don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi réir iniúchta ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste tráth fhoilsithe na Tuarascála Bliantúla 2021. Foilseoidh an BOO na ráitis airgeadais iniúchta chomh tapa agus is féidir i ndiaidh a sínithe ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Tá sonraí airgeadais maidir leo seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:

- Sonraí maidir le táillí nach mbaineann le tuarastal a íocadh i leith Comhaltaí Boird agus anailísiú déanta orthu de réir catagóire.
- Sonraí comhiomlána maidir le cúiteamh na príomhbhainistíochta arna anailísiú de réir na gcatagóirí seo a leanas lena n-áirítear cúiteamh bainistíochta san iomlán;
 - Tuarastail agus sochair fostaí ghearrthéarmacha
 - Sochair Iarfhostaíochta
 - Socair Foirceanta
- Cúiteamh don phríomhbhainistíocht, más ann;
- Cuirfear sonraí faoi líon na bhfostaithe ar tháinig laghdú idir €0 agus €59,999 orthu agus ar a sochair fostaí iomlána (gan costais phinsean fostóra a áireamh) don tréimhse thuairiscithe agus laistigh de gach banda pá €10,000 ó €60,000 aníos agus figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin iomlána fostóra.

Struchtúr na hEagraíochta



Ráiteas maidir le Seirbhísí

Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Is é ról an Stiúrthóra Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta a bheith i gceannas ar sheachadadh tionscnamh riaracháin eagraíochtúil agus straitéiseach lena n-áirítear struchtúir, beartais, córais, tionscnaimh agus idirghabhálacha, a fheabhsaíonn cumas BOOMSL chun cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus dea-chleachtas a chinntiú i Rialachas Corparáideach BOOMSL. Déantar é seo i gcomhar leis Scoileanna agus na Stiúrthóireachtaí BO.

In 2021, lean BOOMSL de chomhairle Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus na Roinne Oideachais a leanúint maidir le conas feidhmiú le linn Phaindéim Covid-19. Lean foireann an Aonaid Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta ar aghaidh ag obair go cianda agus ní dheachaigh siad isteach sna hoifigí ach amháin ar chúiseanna rithabhachtacha. D'ainneoin na paindéime, léirigh foirne an Aonaid Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta díograis, gairmiúlacht agus comhar agus iad ag iarraidh spriocanna agus gealltanais oibre a bhaint amach.

Tá athrú suntasach tar éis tarlú laistigh den eagraíocht i ndiaidh ár bhfeidhme phárolla a aistriú chuig Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais i mí Dheireadh Fómhair. Ba mhór an tasc é sin do gach duine a bhí páirteach ann toisc gur thóg sé am, díograis agus íobairtí a bhí i bhfad níos mó go minic ná mar a bhí de dhualgas orthu i bhfianaise na srianta a bhí i bhfeidhm sa tréimhse sin. Tá an Córas CoreHR tar éis bealach nua a thabhairt isteach do gach ball foirne san eagraíocht chun teagmháil a dhéanamh leis an aonad riaracháin.

Tá seirbhísí comhroinnte breise á dtabhairt isteach faoi láthair agus obair a thosaigh in 2021 fós ar siúl ar an aistriú ón gcóras bainistíochta airgeadais Manser chuig an gcóras airgeadais SUN; meastar go rachaidh an gcóras SUN beo i samhradh 2022.

Leanann na Seirbhísí Corparáideacha ag tacú leis an bPríomhfheidhmeannach agus leis an mBord i dteannta le tuarascálacha bliantúla agus pleananna seirbhíse a ullmhú, beartas agus nós imeachta a fhorbairt agus oiliúint a eagrú agus a sholáthar don fhoireann i réimsí Sláinte & Sábháilteachta, Cosaint Sonraí agus Soláthar. In 2021, sheachaid ár nAonad Soláthair roinnt tionscadal a thacaigh le riachtanais inár n-oifigí, scoileanna agus ionaid. De réir cheanglais ár bPlean Corparáideach Soláthair, cuireadh an Plean Soláthair Ilbhliantúil (MAPP) i gcrích maidir le 2021 agus cuireadh faoi bhráid BOOÉ é chun pleanáil straitéiseach réiteach soláthair náisiúnta san earnáil a éascú amach anseo.

In 2021, tugadh ceaduithe roinne maidir le cóiríocht bhreise do mhic léinn a sholáthar i roinnt scoileanna dár gcuid agus tá na tionscadail sin á gcur ar aghaidh faoi láthair. Tháinig méadú mór ar an ualach oibre sa roinn Tacaíochta TFC de BOOMSL mar gheall ar an bpaindéim. Anuas ar an ualach oibre seo in 2021, rinne BOOMSL cinneadh feabhas a chur ar na bearta cibearshlándála san eagraíocht trí acmhainní suntasacha a sholáthar chun ionsaithe mailíseacha ar ár líonraí a chomhrac. Chomh maith leis sin, cuireadh oiliúint foirne ar fáil don fhoireann go léir maidir le cibearfheasacht, agus leanfaidh sé seo ar aghaidh in 2022.

Leanann Acmhainní Daonna (HR) ag fógart líon suntasach post ar fud na heagraíochta agus leantar le hEarcaíocht agus Grinnfhiosrúchán na nGardaí a bheith mar thosaíocht i gcónaí. Tá

éileamh leibhéal ard ionchuir ón bhfoireann Acmhainní fós ag teastáil do bhainistíocht conarthaí don fhoireann, leithdháileadh múinteoirí, ríomhanna pinsin agus caidreamh fostaithe. Rinneadh earcaíocht shuntasach ar bhonn cianda in 2021 agus phríoiseáil an t-aonad líon ard iarratas. Leis an obair seo, mar aon leis an obair ar an gCóras SGCO CoreHR agus an comhshó TFO, bhí brú suntasach ar an aonad AD in 2021 ach cuireadh ar aghaidh an obair ar fad le díograis agus gairmiúlacht.

I gcúrsaí Airgeadais, cuireadh príomhthionscadail ar aghaidh in 2021. Cuireadh an Ráiteas Airgeadais Bliantúil faoi bhráid na Roinne in am, cuireadh tús leis an obair aistrithe SUN Financial agus P2P agus cuireadh ar aghaidh an obair maidir le liúntais oiliúnaithe a aistriú chuig íocaíochtaí Foghlaimeoirí SGCO sa tréimhse seo.

In 2021, leanadh ar aghaidh leis an obair maidir le húsáid fuinnimh a mhonatóiriú agus a thuairisciú agus é mar sprioc againn ár n-ídiú fuinnimh a laghdú i gcomhréir le spriocanna an rialtais.

Is iad seo a leanas feidhmeanna laistigh de gach Roinn:

- | | |
|-----------------------|--|
| Airgeadas: | <ol style="list-style-type: none">1. Pá rolla (go dtí Deireadh Fómhair 2021)2. Creidiúnaithe3. Liúntais Foghlaimeoirí4. Costais taistil agus chothaithe5. Bainistíocht an Chisteáin6. Buiséadú & Réamhaisnéis7. Tuairisciú Airgeadais |
| Acmhainní | |
| Daonna: | <ol style="list-style-type: none">1. Conarthaí / Saoire / Asláithreachtaí / CoreHR (DF 2021)2. Earcaíocht3. Oiliúint agus Forbairt Foirne4. Pinsin5. Caidrimh Fostaithe6. Tuairisciú / Comhlíonadh Acmhainní Daonna7. Grinnfhiosrú an Gharda Síochána8. Leithdháileadh Múinteoirí |
| Seirbhísí | |
| Corparáideacha | <ol style="list-style-type: none">1. Príomhfheidhmeannach / Bord Tacaíochta Bainistíochta2. Rialachas agus Comhlíonadh3. Sláinte agus Sábháilteacht4. Árachas agus Dí5. Bainistíocht Riosca6. Soláthar7. Foirgnimh agus Bainistíocht Eastáit8. Seirbhísí TF9. Cumarsáid10. Cosaint Sonraí agus Saoirse Faisnéise. |

Tugtar breac-chuntas thíos ar chuid de na príomhthionscadail a rinneadh i ngach ceann de na ranna éagsúla.

Airgeadas

Covid-19

Léirigh na Foirne Airgeadais (párolla, íocaíochtaí soláthraithe, íocaíochtaí foghlaimeora, taisteal agus cothú agus airgeadas) leibhéal gairmiúlachta, comhoibrithe agus athléimneachta i bhfianaise na ndúshlán suntasach a chruthaigh ráig na paindéime ó R1 2020 agus i rith 2021. Chinntigh siad gur leanadh ar aghaidh ag próiseáil agus ag íoc gach íocaíocht foirne, foghlaimeora agus soláthraí in am, gach uair i rith na bliana trí theaghlaim de chianobair agus freastal ar na hoifigí nuair a bhí sé riachtanach chun a chinntiú go seachadadh na feidhmeanna agus na tascanna criticiúla go rathúil.

Chomh maith leis na gnáthghníomhaíochtaí laethúla a dhéantar sa roinn airgeadais, tá obair ar siúl ar na príomhthionscadail seo a leanas:

Ráitis Airgeadais Bhliantúla

Cuireadh Ráitis Airgeadais BOOMSL 2021 faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin 30 Márta, 2022.

Seirbhísí Comhroinnte

Leantar le forbairt creata seirbhísí comhroinnte náisiúnta do BOOanna a chuimsíonn na feidhmeanna párolla agus airgeadais. Bunaíodh foireann tionscadail CoreHR i dtús na bliana 2021 chun aistriú párolla chuig Seirbhísí Comhroinnte Párolla a chur i ngníomh ó thús mhí Dheireadh Fómhair 2021 ar aghaidh. Bunaíodh Foireann Oibríochta CoreHR a chuimsíonn foireann AD agus foireann párolla agus thug siad go léir faoi oiliúint agus forbairt fhorleathan maidir leis an aistriú chuig an gcóras gnó nua seo agus a fhophróisis ghaolmhara. Leis sin, cinntíodh gur leanadh ar aghaidh go rathúil le hoibríochtaí párolla le linn agus i ndiaidh na céime aistrithe.

SUN Financials

Le linn 2020 rinne Aonad Seirbhísí Comhroinnte na Roinne Oideachais tuairisciú airgeadais gach BOO a chobhsú, ar BOO é a bhaineann úsáid as an gcóras tuairiscithe ESI (Manser) chuig comhchóras amháin - SUN Financials - atá á úsáid ag roinnt BOOanna eile. Tá sé beartaithe ag BOOMSL aistriú chuig an gcóras sin ar an 1 Iúil, 2022. Tá Ceannaire um Aistriú ceaptha agus tá roinnt comhghleacaithe ar fud na 3 cholún de Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta, Scoileanna, agus Breisoideachas agus Oilíúint síte go domhain in oiliúint agus forbairt cheana féin, nó beidh siad sula i bhfad, d'fhonn aistriú a dhéanamh chuig sreabhaidh oibre um próisis ghnó nua seo.

Íocaíochtaí Foghlaimeora

Tharla an t-aistriú deireanach d'fhoghlaimeoirí Breisoideachais – SDOG agus Ógtheagmháil chuig Íocaíochtaí Foghlaimeoirí SGO go déanach i mí Feabhra 2022.

Seirbhísí Corparáideacha

Lean an fhoireann Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh den chuid is mó ag obair go cianda in 2021 i gcomhréir le bearta sláinte poiblí an rialtais maidir le Covid 19. Leanadh ar aghaidh le seirbhísí riachtanacha ar an láthair agus athosclaíodh an fáiltiú. Léirigh an Fhoireann Seirbhísí Corparáideacha inoiriúnaitheacht agus athléimneacht san aistriú chuig an gciannobair agus iad ag leanúint ar aghaidh ag coinneáil leibhéal leanúnach táirgiúlachta agus leanúnachais gnó le linn na paindéime. Cuireadh na príomhthionscadail seo a leanas chun cinn in 2021:

Sláinte & Sábháilteacht & Plean Freagartha do Covid-19:

Cuireadh Plean Freagartha Covid-19 i bhfeidhm in 2019 agus lean Seirbhísí Corparáideacha de thacaíocht a thabhairt d'oifigí riaracháin, scoileanna agus lárionaid i gcomhréir le treoirlínte an rialtais. Go dáta, d'oibrigh an plean go maith. Athosclaíodh na scoileanna agus lárionaid go léir in 2021. Leanann BOOMSL de dhea-chleachtas a mholadh agus a chur i bhfeidhm chun Sláinte & Sábháilteacht na foirne agus na bhfoghlaimoirí uile le linn na paindéime a chinntiú.

Sa ráithe dheireanach de 2021, d'fhorbair Seirbhísí Corparáideacha athbhreithniú ar Shláinte agus Sábháilteacht agus Clár athnuaite le cur i bhfeidhm in 2022.

Rialachas:

Rinne Seirbhísí Corparáideacha ceanglais reachtaíochta an BOO a riar mar a leagtar amach faoin gCód Cleachtais 2019, is é sin tuairisceáin roinne de Phlean Seirbhíse BOOMSL 2021, Tuarascáil Bhliantúil BOOMSL 2020, Tuairisceán Bliantúil faoin Acht Carthanas, agus Ráiteas ar Luachanna Dhualgas na hEanála Poiblí. Rinneamar tuairisceáin bhliantúla na Clár Rioscaí agus an Chóid Eitice a fhorbairt, a riar agus a thiomsú freisin. Leanann Seirbhísí Corparáideacha de thacaíocht a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach agus don Bhord chun a ndualgas a dhéanamh.

Saincheistanna Árachais agus Dí:

Lean roinn na Seirbhísí Corparáideacha de chomhairle a thabhairt don fhoireann ar fud an BOO maidir le saincheistanna dlí a tháinig chun cinn, éilimh fhéideartha agus éilimh dhíobhálacha pearsanta.

Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise:

Rinne an tAonad um Chosaint Sonraí agus um Shaoráil Faisnéise na hiarratais seo a leanas a riar:

- Próiseáladh agus comhlánaíodh 14 iarratas um Shaoráil Faisnéise agus 6 iarratas ar Rochtain ó Dhuine is Ábhar do Shonraí, chomh maith le méid suntasach d'fiosrúchán ginearálta riarachán, i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha.
- Rinne an tAonad um Chosaint Sonraí bainistíocht ar 20 Sárú Sonraí in 2021 mar aon le gearáin a láimhseáil agus idirchaidreamh agus tuairisciú a dhéanamh don Choimisiún um Chosaint Sonraí.
- Rinneadh ní ba mhó ná 12 Mheasúnacht Tionchair ar Chosaint Sonraí le cúnamh ón Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) in 2021.

Soláthar:

In 2021, cheap BOOMSL Oifigeach Soláthair chun maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar an bhfeidhm lárnaithe soláthair i leith conarthaí os cionn na tairsí. De réir cheanglais ár bPlean Corparáideach Soláthair, cuireadh an Plean Soláthair Ilbhliantúil (MAPP) i gcrích in 2021 agus cuireadh faoi bhráid BOOÉ é chun pleanáil straitéiseach réiteach soláthair náisiúnta san earnáil a éascú amach anseo.

Soláthraíodh réimse tionscadal eagraíochta um Sholáthar, lena n-áirítear soláthar TFC/FCT, amhail trealamh gréasáin agus seirbhísí gaolmhara, Soláthar seirbhísí Leathanbhanda ar fud na heagraíochta, soláthar Néalacmhainní R-fhoghlaim Idirghníomhach agus ábhar, agus réitigh Físchomhdhálacha. Soláthraíodh seirbhísí ginearálta freisin, lena n-áirítear Tomhaltáin Leictreacha, Ard-Déantúsaíocht agus seirbhísí gaolmhara, Seirbhísí Bainistíochta Dramhaíola agus Oilíúint ar Conradh. Táimid tar éis méid suntasach Tionscadal Comhairleachta agus Tionscadail Mionoibreacha.

Foirgnimh:

Riarann an tAonad Foirgníochta soláthar, bainistíocht agus cur i gcrích na dtionscadal foirgníochta ar fad ar fud na heagraíochta. Bhí 2021 thar a bheith gnóthach agus rinneadh méid an-mhór tionscadal a riar tríd an Aonad.

Cuireadh oibreacha cóiríochta breise i gcrích in Iar-bhunscoil Chúil Dheá (ag an gcéim choinneála). Cuireadh oibreacha ar aghaidh in Iar-bhunscoil na Gráinsí, Sligeach; Coláiste na Maighne; Foireann Dearaidh Bhéal an Átha; Gairmscoil Charraig Álainn, Liatroim; Gairmscoil Droim Seanbhó i gcoinne Liatroma, Coláiste Pobail Bhéal Átha an Fhóid, Sligeach; Deonaíodh cóiríocht bhreise i nGairmscoil Charraig Álainn, Liatroma; Coláiste Naomh Tiarnáin, Crois Mhaoilíona; Coláiste Naomh Bhreandáin, Béal an Mhuirthead; Gairmscoil Droim Seanbhó, Liatroim; agus Coláiste na Maighne, Béal an Átha. Cuireadh iarratais ar chóiríocht bhreise isteach freisin maidir le Coláiste Pobail Iósaf, Baile Chathail; Coláiste Daibhéid, Caisleán an Bharraigh; Iar-bhunscoil Chúil Dheá, Sligeach; Pobail Iósaf agus Coláiste Pobail Acla.

Cuireadh Cóiríocht Shealadach in airde agus tá sí á úsáid in Iar-bhunscoil na Gráinsí, Sligeach, agus i gColáiste Daibhéid, Caisleán an Bharraigh. Tá iarratais ar chóiríocht shealadach curtha isteach le haghaidh Ghairmscoil Charraig Álainn, Liatroim. Bhí ar Ghairmscoil Charraig Álainn áitribh neamh-BOO a úsáid de dheasca phaindéim Covid 19 agus rinneadh 4 lárionad seachtrach a chóiriú mar sheomraí ranga ginearálta.

Cuireadh Oibreacha Éigeandála ar aghaidh, agus rinneadh iarratais le haghaidh Choláiste Iascaigh, Sligeach; Coláiste Pobail Iósaf, Baile Chathail; Iar-bhunscoil Chúil Dheá, Sligeach; Coláiste Pobail Acla, Coláiste Naomh Tiarnáin, Crois Mhaoilíona; agus Coláiste Phádraig, Crosaire Leacan. Tá oibreacha breise curtha i gcrích den chuid is mó i gColáiste na Maighne, Béal an Átha agus i gColáiste Pobail Iósaf, Baile Chathail.

Soláthar tionscadal oibreacha do scoileanna seachtracha:

Tá sé de chúram ar BOOMSL oibreacha agus tionscadail chaipitiúla a sholáthar do scoileanna lasmuigh dá shainchúram. In 2021, soláthraíodh Foireann Dearaidh le haghaidh Scoil Íosa i mBéal Átha hAmhnais ar iarratas ón Roinn. Chuir BOOMSL tús le Foireann Dearaidh a sholáthar chun scoil nua a thógáil - Gaelscoil Chluainín, Baile Hamaltúin.

Athbhreithniú ar Thionscadal TFC 2021:

Lean BOOMSL ag feabhsú agus ag uasghrádú córais TFC ag a scoileanna, ionaid agus oifigí riaracháin go léir in 2021. Chuir BOOMSL FGL ar fáil dá fhoireann ar gach pacáiste bogearraí nua lena n-áirítear Teams, SharePoint agus Microsoft 365. Tá achoimre le fáil thíos ar chuid den obair a rinne an fhoireann TFC in 2021.

Tionscadail Bhonneagair a cuireadh i gcrích:

Mhéadaigh paidéim Covid-19 an bonneagar TFC laistigh de BOOMSL le breis agus 800 gléas imscartha chun tacú le cianfhoghlaim agus cianobair. Táimid ag brath anois ar ghléasanna soghluaiste chun tacú leis an bhfoireann agus leis na mic léinn ina saol oibre agus foghlama. Leis an méadú mór seo ar an líon gléasanna, méadaíodh na héilimh ar ár seirbhísí tacaíochta TFC go mór. Tá athrú bunúsach tagtha ar an bhfoghlaim trí úsáid a bhaint as seirbhísí scamall ar nós Microsoft Teams agus SharePoint chun foghlaim ar líne a sholáthar.

Thug an tAonad TFC 400 gléas soghluaiste agus breis agus 200 ríomhaire do Scoileanna agus Lárionaid Oiliúna BO chun tacú leis an bhfillleadh ar fhoghlaim ar an láthair i mí Mheán Fómhair, chomh maith le gléasanna uile BOOMSL a shuiteáil le Windows 10 Pro Version 21H1.

Táthar tar éis inlíon BOOMSL (tógtha ar an ardán SharePoint) a fhorbairt tuilleadh chomh maith le leanúint ar aghaidh le haistriú doiciméad ó réitigh freastalaithe ar an láthair chuig an néal.

Cuireadh leathnú agus uasghráidithe nua gréasáin i bhfeidhm ar 10 láthair. Ag obair le HEAnet, tá BOOMSL tar éis formhór mór de na gréasáin sna meánscoileanna a uasghrádú chuig nasc snáithín 200MB atá saor ó choimhlint.

In 2021, rinneadh ionsaí suntasach ar chórais TFC Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Léirigh na chéad tuairiscí gur ionsaí bogearraí éirice 'Conti' de dhéantús an duine a bhí ann, amhail an t-ionsaí a rinneadh ar chórais FSS, ag díchumasú go leor córas agus a mhúch an chuid is mó de chórais FSS EILE. Mar fhreagra díreach ar an ionsaí sin, thug BOOMSL faoi athbhreithniú slándála agus cuireadh i bhfeidhm roinnt cumhdaigh chun éifeachtaí ionsaí mar sin a mhaolú.

Oiliúint TFC agus FGL 2021:

Tháinig méadú mór ar an éileamh ar oiliúint in 2021 mar gheall ar Covid-19 agus riachtanais na cianoibre. Cuireadh oiliúint ar fáil do gach rannóg, do lucht riaracháin, agus do Bhreisoideachas & Scoileanna. Díríonn oiliúint ar réimsí mar Shlándáil, Cianobair/Cianfoghlaime, agus an tArdán Microsoft Cloud Microsoft 365. Tionscnaíodh dianchlár oiliúna chun breisoiliúint a dhéanamh ar bhail foirne ar an Ardán Microsoft 365 atá ag síorathrú, lena n-áirítear SharePoint, Streams, MS Teams, OneDrive, agus feidhmchlár Standard MS. Tá BOOMSL tiomanta do thacaíocht a thabhairt do FGL agus muid ag aistriú chuig an Scamall.

Tá an Roinn TFC tiomanta an tseirbhís is fearr a sholáthar d'fhoireann agus do mhic léinn BOOMSL le linn na tréimhse dúshlánaí seo. Agus muid ag obair lenár gcomhpháirtithe straitéiseacha, táimid ag iarraidh táirgiúlacht a mhéadú, ag úsáid acmhainní scamail amach anseo.

Forbairt an tSuímh Gréasáin:

D'éirigh go hiontach le seoladh shuíomh gréasáin Corparáideach BOOMSL in 2020 agus is tarraingteach an t-ardán chun suíomhanna gréasáin nua a nuashonrú agus a athsheoladh ar fud na heagraíochta. In 2021, rinne Seirbhísí Corparáideacha forbairt suímh gréasáin a chomhordú le haghaidh Ógtheagmháil Shligigh, Coláiste Breisoideachais Mhaigh Eo, Ógtheagmháil Bhéal an Átha agus Coláiste Pobail Mhaothla, Liatroim. Soláthraíonn na suíomhanna gréasáin seo eolas cruinn suas chun dáta maidir leis na seirbhísí atá ar fáil d'fhoghlaimoirí agus eolas ríthábhachtach maidir leis na scoileanna agus na lárionaid éagsúla. Cuireadh tús le tionscadail suímh gréasáin freisin d'Ógtheagmháil Bhaile an Róba, Coláiste na Maighne, Béal an Átha agus Seirbhísí Óige Shligigh.

Acmhainní Daonna

Soláthraíonn an Roinn Acmhainní Daonna raon iomlán seirbhísí d'fhoireann BOOMSL agus tacaíonn sí freisin le Bainisteoirí i gColáistí / Ionaid. Tá an méid seo a leanas i measc na seirbhísí freisin, ach níl siad teoranta dóibh:

- Earcaíocht (Bainistíocht, Teagasc, Treoir, Cúntóir Riachtanas Speisialta, Riarachán, Cothabháil agus poist eile) do gach post laistigh den eagraíocht.
- Bainistíocht conarthaí do gach catagóir foirne, téarmaí agus coinníollacha ceapacháin, rolladh amach agus cur i bhfeidhm comhaontuithe náisiúnta srl.
- Ríomhanna scoir agus aoisliúntais do gach fostaí, meastacháin a sholáthar, iarratais ar scor drochshláinte a phróiseáil, riachtanais na scéime pinsin a riaradh.
- Leithdháileadh Múinteora don scéim.
- Cúrsaí caidrimh le fostaithe lena n-áirítear caidreamh oibre táirgiúla a choinneáil leis na príomhchumann ceardaíochta san earnáil, comhairle agus tacaíocht a thabhairt do bhainisteoirí agus d'fhostaithe agus iad ag déileáil le saincheisteanna caidrimh san ionad oibre.

In 2021 chonacthas leibhéal ard gníomhaíochta sa Roinn Acmhainní Daonna, inar cuimsíodh an méid seo a leanas:

Comhshó TFO: Leanadh den obair ar Chéim II den tionscadal seo in 2021. Tháinig an tionscadal seo chun cinn tar éis comhaontú náisiúnta ar thángthas air idir an Roinn Oideachais agus an TUI, a chuireann ar chumas teagascóirí a thiontú i gclár TFO, i ngach BOO ar fud na tíre, de réir critéar socráithe.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána: Phróiseáil AD 985 iarratas um Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána in 2021. Rinneadh an Fheidhm Ghrinnfhiosrúcháin a lárú go Sligeach i mí Aibreán 2021.

Earcaíocht: In 2021 rinneadh earcaíocht shuntasach ar fud na dtrí cholún, Scoileanna, Breisoideachas agus Oiliúint, agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta. Reáchtáil BOOMSL níos mó ná 312 comórtas earcaíochta in 2021, rinne an Roinn Acmhainní Daonna breis agus 1,700 iarratas ar phost a phróiseáil. D'éirigh leis an Rannóg Acmhainní Daonna gach earcaíocht a sheachadadh go cianda ag baint úsáide as ardán Microsoft Teams.

Pinsean: D'imigh 27 duine ar scor in 2021, (bhí 4 cinn mar chuid den Scéim Céilí & Leanaí) a bhain le pinsin aonair agus íocaíochtaí cnapshuime a ríomh. Fuarthas líon suntasach iarratas in 2021 freisin maidir le meastacháin phinsin. Freastalóidh na baill foirne uile sa rannóg AD ar oiliúint pinsin arna eagrú ag BOOÉ in 2021.

Tionscadal CoreHR SGSO: Faoi Phlean Seirbhísí Comhroinnte na Roinne Oideachais (DE) do 2017 - 2020, tá Seirbhísí Comhroinnte Oideachais (ESBS) curtha ar bun chun bunú Seirbhísí Comhroinnte Párolla oibríochta a chur i bhfeidhm chun Párolla agus Taisteal agus Cothú a sholáthar do gach ceann den 16 BO.

Tá ascain iomlán phárolla BOOMSL chuig seirbhísí comhroinnte ar siúl agus tá sé beo ó mhí Dheireadh Fómhair 2021.

Oiliúint & Forbairt

- Reáchtáil Legal Island Ceardlann dhá lá ar líne le haghaidh ball foirne AD i mí na Samhna 2021. Bhain an cheardlann seo le hAthbhreithniú ar Dhlí Fostaíochta den chuid ba mhó.
- Tairgíodh Cúrsa Leibhéal 6 um Cheannaireacht agus Bainistíocht don fhoireann i mí Dheireadh Fómhair 2021. Ba chúrsa páirtaimseartha 10 seachtaine é agus chuir roinnt fhoireann AD i gcrích é.
- Reáchtáladh Oiliúint um an mBord Roghnúcháin ar líne i mí Márta.
- Bhí deis ag an bhFoireann Pinsean freastal ar Sheimineár Gréasáin maidir leis an Scéim Pinsin Aonair (6 sheisiún)i R4 2021.
- Reáchtáladh Oiliúint um Dhínit san Ionad Oibre d'fhoireann uile AD i mí Dheireadh Fómhair 2021.

Achoimre Airgeadais

Tá BOOMSL maoinithe go príomha ag an Roinn Oideachais (DE) chun teagasc dara leibhéal a sheachadadh agus ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta trí SOLAS, an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna i seachadadh breisoideachais agus cláir oiliúna.

In 2021, chuir Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile maoiniú ar fáil do thionscadail eile lena n-áirítear:

- An Roinn Coimirce Sóisialaí,
- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
- An Roinn Sláinte.

Bailítear cistí freisin trí tháillí ar sheirbhísí cosúil le táillí teagaisc, cíos seomra agus gníomhaíochtaí ag leibhéal áitiúil.

Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG) iniúchadh ar BOOMSL gach bliain agus cuireann sé tuarascáil ar mhaoriseacht airgeadais an Bhoird faoi bhráid an Oireachtais. Tá BOOMSL freagrach as cuntais a choinneáil agus comhlíonann BOOMSL a oibleagáidí faoin reachtaíocht ioncaim go hiomlán.

Príomhchaidrimh

Is mór ag BOOMSL na naisc atá déanta le páirtithe leasmhara móra san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Áirítear leis seo BOOMSL ag dul i gcomhairle, ag plé agus ag comhoibriú le raon leathan comhlachtaí poiblí agus soláthraithe oideachais agus oiliúna. Oibríonn BOOMSL go dlúth leis na trí údarás áitiúla ina réimse feidhme agus tá socruithe comhpháirtíochta déanta aige ar roinnt tionscnamh ar nós Music Generation agus Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Shligigh.

Oibríonn BOOMSL go dlúth freisin leis na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla, Coistí Comhpháirtíochta Áitiúla, Comhpháirtíocht LEADER Shligigh, Cuideachta Forbartha Comhtháite Liatroma, Cuideachta Chomhpháirtíochta Oirthuaisceart Mhaigh Eo, Cuideachta Forbartha Iardheisceart Mhaigh Eo, Fóram Scileanna Réigiúnacha, FIT (FastTrack chuig Teicneolaíocht Faisnéise) agus Oifigí Fiontair Áitiúla. Tá ionadaíocht ag BOOMSL freisin ar chomhlachtaí rialaithe IT Shligigh agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo atá tar éis cónascadh mar Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh.

I rith na bliana, chomhoibrigh BOOMSL le líon mór eagraíochtaí agus institiúidí trí uaireanta teagaisc nó cúnamh airgeadais a sholáthar. I measc na n-eagraíochtaí sin tá Seirbhísí Óige, Ceardlanna Oiliúna Pobail, agus an Líonra Náisiúnta Foghlama.

Is mór ag BOOMSL naisc le tionscal ar fud an réigiúin agus leanann sé orthu ag forbairt chun a chinntiú go bhfuil soláthar seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna oiriúnach do riachtanais na n-earnálacha tionsclaíocha éagsúla agus chun a chinntiú go bhfuil ár gcuid mac léinn in ann fostaíocht ábhartha agus fóna a bhaint amach.

Scoileanna BOOMSL

Ba ghné mhór de 2021 na dúshláin go léir a chuir paidéim Covid-19 romhainn. I mí Mheán Fómhair, cláraíodh 5,407 mac léinn i 19 iar-bhunscoil de chuid na heagraíochta, méid a chuimsíonn dhá choláiste breisoideachais freisin. I rith na bliana, ba ríshuntasach ar fad an díograis a léirigh príomhoidí agus a bhfoirne chun scoileanna a choinneáil ar oscailt agus a chinntiú gur leanadh ar aghaidh le gnáth-theagasc agus gnáthfhoghlaim a mhéid ab fhéidir, i bhfianaise an víris a ndeachaigh i bhfeidhm ar bhaill foirne agus ar mhic léinn.

Dhírigh tairiscintí cúrsa BOOMSL 2021 ar mhic léinn iar-bhunscoile agus iar-ardteistiméireachta. Cuimsítear sa 6 chlár teastais náisiúnta an méid seo a leanas; Clár an Teastais Shóisearaigh, Clár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh, Clár na hIdirbhliana, Clár na hArdteistiméireachta, Clár Ghairme Ardteistiméireachta agus Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí. Is féidir éagsúlacht na gcúrsaí Teastas Iar-Ardteistiméireachta (PLC) atá á dtairiscint don bhliain 2020 a fháil ar shuíomh gréasáin BOOMSL (Breisoideachas agus Oiliúint - Cuardaigh Cúrsaí).

Dúshláin maidir leis an Ardteistiméireacht & an tSraith Shóisearach

I mí Feabhra 2021, d'fhógair an tAire Oideachais, Norma Foley TD go leanfaí ar aghaidh le scrúduithe na hArdteiste 2021 agus go mbeadh rogha ag mic léinn cur isteach ar ghráid arna gcreidiúnú ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit; tugadh Gráid Chreidiúnaithe Choimisiún na Scrúduithe Stáit. I gcás na mac léinn a roghnaigh scrúduithe na hArdteiste a dhéanamh, reáchtáladh na scúduithe béil le linn laethanta saoire na Cásca. D'fhógair an tAire freisin nach reáchtálfaí scrúduithe an Teastais Shóisearaigh in 2021. Cuireadh treoir chuig scoileanna maidir le déileáil le mic léinn an teastais shóisearaigh trí fhoghlaim agus measúnú ar líne le linn na tréimhse a bhí na scoileanna dúnta agus trí fhoghlaim duine le duine nuair a athosclaíodh na scoileanna. Rinne lucht bainistíochta agus foireann scoileanna BOOMSL obair na gcapall chun leanúnachas foghlama na mac léinn a chinntiú ionas go mbeidís in ann bogadh ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile dá ngairmeacha agus dá saolta.

Soláthar an tSamhraidh

Sheol an Roinn Oideachais clár samhraidh a bhí ar fáil do scoileanna uile le haghaidh mac léinn a bhfuil riachtanais chasta oideachais acu agus mic léinn atá i mbaol an mhíbhuntáiste oideachasúil. D'éirigh go han-mhaith leis an gclár coicíse ó thaobh tacú leis na mic léinn ar fad a raibh cúnaimh de dhíth orthu.

Plean Freagartha do Covid-19

Don scoilbhliain 2021/2022, d'fhógair an Roinn Oideachais go mbeadh an tsraith de bhearta COVID 19 a bhí i bhfeidhm in 2020/2021 fós i bhfeidhm. Ghlac na scoileanna go léir leis an bplean freagartha seo ar bhealach éifeachtach chun oibriú sábháilte agus inbhuanaithe iar-bhunscoileanna a chinntiú, rud a lig do scoileanna uile BOOMSL a athoscailt go sábháilte. Chuir an Roinn Oideachais treoir ar fáil maidir le haeráil agus braiteoirí Dé-ocsaíde Carbóin (CO₂), a chuir scoileanna i bhfeidhm láithreach. Is léiriú é ar na hullmhúcháin fhíorchúramacha agus ar an obair chrua a rinne na ceannairí scoile, na baill foirne agus na mic léinn go léir.

Scéim Foghlaim agus Tacaíochta Covid (CLASS)

Seoladh scéim nua don scoilbhliain, Scéim Foghlaim agus Tacaíochta Covid (CLASS), trínar cuireadh uaireanta teagasc bhreise ar fáil do scoileanna mar leithdháileadh sealadach aon

uaire chun tacú le scoileanna aghaidh a thabhairt ar fhoghlaim a cailleadh ag daltaí de dheasca na scoileanna a bheith dúnta. Cé gur cuireadh an-fháilte roimh an tionscnamh seo, bhí sé deacair do scoileanna áirithe leas a bhaint as na huaireanta seo toisc nach raibh go leor múinteoirí ar fáil.

Oiliúint an Bhoird Bainistíochta

Sholáthar teagascóirí Bord Bainistíochta BOOMSL oiliúint ar líne trí rochtain chianda le linn 2021. Cuireadh oiliúint bhreise ar fáil mar fhreagra ar iarratais ó Bhoird Bainistíochta aonair.

Chuir BOOMSL forbairt bhreise ghairmiúil ar fáil sna réimsí seo a leanas:

- Cosaint Leanáí
- Oiliúint Athnuachana do Theagmhálaithe Ainmnithe (TAanna) agus Leastheagmhálaithe Ainmnithe (LTAanna)
- Ionduchtú do Cheannairí nua
- Oiliúint Bainistíochta Riosca
- Ceardlann maidir le hIontrálacha/S29
- Oiliúint maidir le Cosaint Sonraí

Cur chun feidhme Chreat BOOÉ maidir le hÉiteas laistigh de BOOMSL

In 2021, cheap BOOMSL Comhordaitheoir Éitis chun tacú le scoileanna “Creat Phátrúin BOOÉ maidir le hÉiteas” a chur chun feidhme. Chun tacú le príomhoidí, bunaíodh Foireann Ceannaireachta Éitis (FCÉ) i scoileanna BOOMSL, chomh maith le Lónra Foghlama Gairmiúil um Éiteas, ina bhfuil ball amháin den FCÉ ó gach scoil atá páirteach sa chlár.

Tá Clár Píolótach maidir le Féinmheasúnú Scoile ar Éiteas á thionscnamh freisin, i gcomhar le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá an Clár Píolótach ar siúl i scoil amháin ina bhfuil an scoil i mbun Féinmheasúnaithe Scoile ar Éiteas. Táthar tar éis “Creat Phátrúin BOOÉ maidir le hÉiteas - Próiseas Dearbhaithe Cáilíochta” a fhorbairt ina leagtar amach caighdeán agus ráitis an chleachtais éifeachtaigh don phróiseas Féinmheasúnaithe Scoile.

Le linn na bliana, thug an Comhordaitheoir Éitis cuir i láthair chun Creat Phátrúin BOOÉ agus Croí Luachanna BOO do na dreamanna seo a leanas:

- Comhaltaí Boird BOOMSL
- Boird Bhainistíochta
- Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha

Ag Tacú le Soláthar Sábháilte Scolaíochta

In 2021, rinneadh cigireachtaí maidir le plan freagartha COVID-19 na Roinne ‘Ag Tacú le Soláthar Sábháilte Scolaíochta’ chun measúnú a dhéanamh ar an mbealach a bhí an plan maidir le feidhmiú sábháilte agus inbhuanaithe scoileanna á chur chun feidhme. Sholáthar an plan seo teachtaireachtaí rithábachtacha chun riosca COVID-19 don fhoireann, d’fhoghlaimoirí, do theaghligh agus an pobal i gcoitinne a íoslghdú agus tábhacht soláthar sábháilte agus inbhuanaithe na scolaíochta a shainaithint ar mhaithe le sláinte agus folláine mac léinn agus na sochaí i gcoitinne.

Ag deireadh gach cigireachta, thug an Roinn aiseolas ó bhéal don scoil, chomh maith le tuarascáil i scríbhinn. Foilsíodh tuarascáil gach cigireachta ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais (féach Aguisín 2).

De réir mar a chuaigh gach duine in oiriúint do shaol nua le Covid, tá gníomhaíochtaí agus imeachtaí nuálacha éagsúla arna n-eagrú ag scoileanna chun deiseanna agus timpeallachtaí oideachais a sholáthar le feiceáil go soiléir ar shuíomhanna gréasáin scoileanna aonair ar www.msletb.ie

Léirigh scoileanna BOOMSL athléimneacht, inoiriúnaitheacht agus eitic oibre agus tiomantas urghnách chun deiseanna oideachais a sholáthar dá gcuid mac léinn sna hamanna dúshlánacha seo. Léirítear thíos roinnt samplaí de na gníomhaíochtaí/imeachtaí a tharla le linn na bliana.

<p><i>Seaimpíní Uile Éireann Faoi 17</i> <i>Iarbhunscoil Chúil Dheá</i> <i>Baile idir Dhá Abhainn</i> <i>Co. Shligigh</i></p>	<p>Bhuaigh Iarbhunscoil Chúil Dheá gcéad chraobh náisiúnta sacair tar éis an lámh in uachtar a fháil ar Scoil Ruain ó Chill Náile (Tiobraid Árann) i Staid Bhaile Áth Luain i mí Márta.</p>
<p><i>Ardghradam Náisiúnta</i> <i>Innealtóireachta bronnta ar dhalta</i> <i>Iarbhunscoil Chúil Dheá</i> <i>Baile idir Dhá Abhainn</i> <i>Co. Shligigh</i></p>	<p>Bhí an-cheiliúradh in Iar-bhunscoil Chúil Dheá nuair a ainmníodh dalta Ardteistiméireachta ina (h)Innealtóir Óg na bliana in 2021. Bronntar an gradam mór le rá seo ar an dalta Ardteistiméireachta leis an tionscadal Innealtóireachta is fearr don Ardteist (Ardleibhéal), agus bronnadh an gradam ar an dalta i mí na Nollag ag comhdháil Chumann Múinteoirí Teicneolaíochta Innealtóireachta (ETTA) in Ollscoil Teicneolaíochta na Sionainne (Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain roimhe sin).</p>
<p><i>Bratacha ar foluain i gCúil Dheá</i> <i>Iarbhunscoil Chúil Dheá</i> <i>Baile idir Dhá Abhainn</i> <i>Co. Shligigh</i></p>	<p>Fuair Iar-bhunscoil Chúil Dheá an-chúiteamh ar a saothar cruá: bronnadh an Bhratach Ghlas as Bisthéagsúlacht orthu, agus Bratach Ómra Theach Pieta as an Mheabhairshláinte a chur chun cinn tríd an méid ba mhó airgid a bhailiú ar son Theach Pieta as na scoileanna ar fad san Iarthuaisceart.</p>
<p><i>Gradaim Fiontraíochta na Mac Léinn</i> <i>Coláiste an Chorrainn</i> <i>Baile an Mhóta</i> <i>Co. Shligigh</i></p>	<p>Ghlac mic léinn na chéad bhliana i Staidéar Gnó páirt i gClár Fiontraíochta na Mac Léinn. Ghlac 5 ghnólacht ó Choláiste an Chorrainn páirt i gCraobh an chontae, agus fógraíodh KRJ Valets mar bhuaiteoirí na Catagóire Sóisearaí. Chuaigh an grúpa ar aghaidh chuig an gCraobh Náisiúnta agus bronnadh Gradam na hIarrachta is Fearr (Sóisir) orthu.</p>
<p><i>A History of Music</i> <i>Coláiste an Chorrainn</i> <i>Baile an Mhóta</i> <i>Co. Shligigh</i></p>	<p>Cuireadh léiriúchán ceoil Choláiste an Chorrainn, “A History of Music” ar an stáitse san Amharclann Art Deco i mBaile an Mhóta tráthnóna Déardaoin an 3 Márta. De réir an Uasail Martin Flynn, Príomhoide na scoile, “Bhí an amharclann lán go doras gach aon oíche agus bhí an-éileamh ar thicéid”.</p>

	<p>“Thaitin an seó go mór leis na daoine sin a raibh an t-ádh dearg leo ticéid a fháil” a dúirt sé freisin.</p> <p>Ghlac go leor daltaí ó na blianta éagsúla ar fad páirt sa léiriúchán.</p>
<p><i>Lá na hEorpa:</i> <i>Coláiste Loch Aillionn</i> <i>Droim Caorthainn</i> <i>Co. Liatroma</i></p>	<p>Mar chuid de Chlár Scoileanna Ambasadóir Pharlaimint na hEorpa (EPAS), rinne Coláiste Loch Aillionn ceiliúradh ar an síocháin agus aontas ar an 9 Bealtaine, Lá na hEorpa. Thug Maria Walsh, MEP cuairt ar an scoil chun páirt a ghlacadh sa cheiliúradh. Thug sí óráid phearsanta inspioráideach dár ndaltaí. Labhair sí faoina cúlra feirmeoireachta agus faoin mbealach is ceart dúinn an pobal a choinneáil ag croí lár ár saol laethúil. Rinne Maria ár ndaltaí a spreagadh, go speisialta na cailíní, maidir le seasamh suas agus páirt a ghlacadh in eagraíochtaí agus a chinntiú go gcloistear a nguth. Chun deireadh a chur leis an gceiliúradh, sheinn ár ngrúpa traidisiúnta roinnt ríleanna agus port. D’ardaigh Maria Walsh bratach na hEorpa ansin. Ba dearfach speisialta an lá é gan dabht ar bith.</p>
<p><i>Craobh na hÉireann sa DÍospóireacht (Gael Linn)</i> <i>Coláiste Bhreandáin</i> <i>Béal an Mhuirthead</i> <i>Co. Mhaigh Eo</i></p>	<p>Comhghairdeas don Fhoireann Díospóireachta ó Choláiste Bhreandáin, Béal an Mhuirthead a ghlac páirt i gCraobh na hÉireann do Chomórtas Ghael Linn sa Díospóireacht in 2021. Ba ócáid stairiúil don scoil é toisc gurbh é an chéad uair riamh a ndeachaidh foireann ón scoil ar aghaidh chuig an leibhéal seo.</p>
<p><i>Craobh Chonnachta</i> <i>Coláiste Thiarnáin</i> <i>Crois Mhaoilíona</i> <i>Co. Mhaigh Eo</i></p>	<p>Bhain Foireann Óg CLG craobh Chonnachta amach i gcoinne fhoireann Naomh Pádraig, Crosaire na Leacain. Rinne siad a ndícheall sna cluichí ar fad agus thraenáil siad go han-chrua ar fad.</p>
<p><i>Lá Bealtaine don Inbhuanaitheacht</i> <i>Coláiste Pobail Mhaothla</i> <i>Co. Liatroma</i></p>	<p>Ghlac daltaí páirt i Lá Bealtaine don Inbhuanaitheacht agus béim á cur ar inbhuanaitheacht inár saol féin, lena n-áirítear feachtais phóstaeir ag díriú ar an Mearfhaisean agus an bealach a cheannaímid (nó nach gceannaímid) éadaí, is féidir linn ár dtiomantas don inbhuanaitheacht a léiriú. D’ardaigh an tionscadal seo agus tionscadail eile chomhshaoil ár bhfeasacht ar an ábhar ríthábhachtach seo. Bhuaigh na daltaí €500 an duine agus ghlac an scoil páirt sa chomórtas ‘BIN IT’ inar chruthaigh daltaí na hidirbhliana gearrthóg YouTube ina chuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le guma coganta a chur sa bhosca bruscair.</p>
<p><i>Turais Scoile</i> <i>Coláiste Pobail Mhaothla</i></p>	<p>Tugadh turais chuig na háiteanna seo a leanas: chuig an bpictiúrlann agus chuig an zú; chuig Ionad Eachtraíochta Allamuigh Rúscaí, Feirm Causey agus Páirc Tayto; chuig</p>

<p><i>Co. Liatroma</i></p>	<p>Gailearaí Hugh Lane agus Ard-Mhúsaem na hÉireann, chuig an Dome i gCaisleán an Bharraigh le haghaidh roinnt cluichí crua, chuig Liathróid Láimhe Oilimpeach i mBéal an Átha Mhóir, áit ar bhuaigh buachaillí na hIdirbhliana an corn. Bronnadh an chéad, an dara agus an tríú duais i nGradaim Staraithe Liatroma; rinneadh airgead a bhailiú le haghaidh Theach Pieta agus Fiobróise Cistí, agus cuireadh deireadh leis an mbliain leis an gcuiche sacair Daltaí i gcoinne Múinteoirí Dé hAoine an 3 Meitheamh.</p>
<p><i>Bratach Ómra</i> <i>Gaelcholáiste Chomáin</i> <i>Ros Dumhach</i> <i>Co. Mhaigh Eo</i></p>	<p>Comhghairdeas le scoláirí na hIdirbhliana a bhronnadh an gradam don Bhratach Ómra orthu le déanaí. Tugann an brat seo aitheantas do mheabhairshláinte dearfach a chothú sa timpeallacht scoile. D'éagraigh na scoláirí eachtraí éagsúla chun an gaisce seo a bhaint amach, mar shampla Seachtain dearfach na meabhairshláinte, comórtais phóstaeir agus le déanaí Rith Datha. Bhailigh na scoláirí go leor airgid do Pieta House. Seo an chéad uair ina bhronnadh an bratach Ómra ar ár scoil. Comhghairdeas le scoláirí na hIdirbhliana agus muintir na scoile uilig as ucht an dea-obair agus iarracht mhór a chuir siad isteach chun an brat a bhaint amach.</p>
<p><i>Cruinniú Muullaigh na Scoile</i> <i>Gaelcholáiste Chomáin</i> <i>Ros Dumhach</i> <i>Co. Mhaigh Eo</i></p>	<p>Sna grianghraif, tá scoláirí sinsearacha ó Gaelcholáiste Chomáin, Ros Dumhach a d'fhreastal le déanaí ar an School Summit i mBeacán. Le linn an turais bhí deis ag na scoláirí labhairt le rannpháirtithe oideachais, agus d'fhoghlaim siad go leor eolais maidir le bealaí éagsúla chun áiteanna/cúrsaí a aimsiú sa todhchaí. Ina theannta sin, buíochas mór le BOOMSL as ucht an sár-eolas a bhfuair na scoláirí ag a seastán. Lá fiúntach a bhí ann.</p>
<p>SCÉIM AITHEANTAIS SCOILEANNA GAELTACHTA <i>Gaelcholáiste Chomáin</i> <i>Ros Dumhach</i> <i>Co. Mhaigh Eo</i></p>	<p>Tá an-chuid oibre déanta againn i mbliana maidir leis an Scéim Aitheantas Scoileanna Gaeltachta. Bhí eachtraí éagsúla ar siúl againn sa scoil le linn na scoilbhliana chun an ghaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt sa bhreis. Samplaí de na himeachtaí sin ná tionscadal staire bunaithe ar an seanscoil i Ros Dumhach, ag obair le na bunscoileanna áitiúla, cúrsaí ceoil agus drámaíochta srl.</p>

Breisoideachas agus Oiliúint (BO)

Seirbhísí BO a fhorbairt i BOOMSL

Soláthraíonn BOOMSL raon leathan clár BO ar fud an réigiúin. Tá gach soláthar BO agus na seirbhísí a ghabhann leis deartha chun freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna daoine aonair, idir fostaithe agus dífhostaithe, agus riachtanais ghnó agus eacnamaíocha fostóirí sa réigiún.

Tá Stiúrthóir BO, na Ceannairí BO agus Grúpa Príomhoidí Iar-Ardteistiméireachta freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar sholáthar BO BOOMSL ar Ghrúpa Ceannairí BO agus Príomhoidí Iar-Ardteistiméireachta, a dhéanann maoirseacht ar sholáthar uile BO i BOOMSL.

I BOOMSL, tá foghlaimoirí agus baill foirne i gcroílár na heagraíochta. Faoi láthair fostaíonn BOOMSL thart ar 650 ball foirne chun breisoideachas agus oiliúint agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar sa cheantar

Tugann an tábla thíos breac-chuntas ar bhallraíocht i ngrúpaí rialachais agus maoirseachta gaolmhara.

PF & Grúpa Stiúrthóirí	Grúpa Ceannaireachta Bainistíochta	Grúpa Ceannairí BO & Príomhoidí Iar-Ardteistiméireachta	Grúpa QA	An Coiste um Fhormheas Cláir
Príomh-fheidhmeannach	Príomhfheidhmeannach	Stiúrthóir BO	Stiúrthóir BO	Stiúrthóir BO
Stiúrthóir B&O	Stiúrthóir BO	3 Bhainisteoir Oiliúna d'Aosaigh	Oifigigh Oideachais Aosach	Oifigigh Oideachais Aosach
Stiúrthóir TFE	Stiúrthóir TFE	Bainisteoir Oiliúna Ceantair	Bainisteoir Oiliúna Ceantair	Bainisteoir Oiliúna Ceantair
Stiúrthóir na Scoileanna	Stiúrthóir na Scoileanna	Bainisteoir an Ionaid Oiliúna	Bainisteoirí Oiliúna Cúnta	Bainisteoir Oiliúna Cúnta
	Príomhoifigeach Cúnta Airgeadais	4 Bhainisteoir Oiliúna Cúnta	Oifigigh um Chaighdeáin Oiliúna	Oifigigh um Chaighdeáin Oiliúna
	Príomhoifigeach Cúnta AD	Príomhoidí Iar-Ardteistiméireachta	Ceannaire Foirne an Chórais Bainistíochta Cáilíochta	Ceannaire Foirne an Chórais Bainistíochta Cáilíochta
	Seirbhísí Corparáideacha an Cheanncheathrú		Dearbhú Cáilíochta Foireann BO BOOMSL	Dearbhú Cáilíochta Foireann BO BOOMSL
	Bainisteoir Oiliúna Ceantair			
	Oifigigh Oideachais Aosach			

Ról na gComhaontuithe Feidhmíochta Straitéiseacha agus Spriocanna an Chórais BO

Le bunú comhaontuithe feidhmíochta straitéiseacha idir SOLAS agus BOOanna, cuireadh creat ar fáil maidir leis na príomhghnéithe den straitéis a chur i bhfeidhm thar tréimhse 3 bliana. Baineann na chéad chomhaontuithe leis an tréimhse 2018-2020, agus le linn 2021 d'oibrigh SOLAS leis an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun spriocanna an chórais BO a bheidh ina ndlúthchuid den chéad timthriall eile de chomhaontuithe a chomhaontú. Oibreoidh SOLAS i gcomhpháirtíocht leis na BOOanna ansin chun comhaontuithe a fhorbairt don tréimhse 2022-2023. Déanfar athbhreithniú foirmiúil meántearma ar na comhaontuithe in 2022 agus beidh sé sin nasctha le hathbhreithniú ginearálta ar dhul chun cinn na sraitéise ag an gcéim seo.

Cuireann na comhaontuithe sásra cumhachtach cur chun feidhme ar fáil chun a chinntiú go léirítear an straitéis i bhfeidhmíocht láidir agus tiomantas d'athrú ar fud SOLAS agus na BOOanna. Cé go bhforbrófar spriocanna mionsonraithe, is féidir a bheith ag súil go mbeidh na pointí seo a leanas i gceist leis an mBreisoideachas Todhchaí faoi dheireadh 2024:

- Beidh feabhas ar an méid atá BO tar éis dul i bhfód go ginearálta ar fud dhaonra na hÉireann.
- Roghnóidh líon níos mó de lucht fágála scoile BO nó printíseacht mar chéad rogha.
- Gluaisfidh líon mór daoine go leanúnach agus go héasca idir BO agus an tArdoideachas agus critéir shoiléir maidir le haistriú ar fáil dóibh.
- Beidh ag méadú ar an gcóir suntasach daoine i bhfostaíocht a úsáideann BO chun cur lena scileanna agus ar líon na bhfostóirí a fhéachann ar BO mar acmhainn rithabhachtach fiontraíochta.
- Tiocfaidh méadú mór ar na leibhéil dul chun cinn trí BO, le conairí ó chroí scileanna agus oideachas pobail ar fáil do gach duine a dteastaíonn uathu iad a leanúint.
- Soláthróidh córas BO atá claochlaithe go digiteach punann mhór de dheiseanna solúbtha, deiseanna ar líne agus deiseanna cumaisc.

Tá sé mar fhís ag BOOMSL oideachas nuálach ar ardchaighdeán agus seirbhísí breisoideachais agus clár a sholáthar lena gcuirtear deiseanna bunathraitheacha ar fáil d'fhoghlaimoirí dá mbeatha agus don saol in Iarthar na hÉireann. Cuirtear réimse leathan deiseanna oideachais agus oiliúna ar feadh an tsaoil ar fáil le soláthar breisoideachais BOOMSL. Tá BO dírithe ar aon duine atá os cionn 16 bliana d'aois agus ar mhaith leo scileanna nua a fhoghlaim nó cur le scileanna reatha chun an post ceart a bhaint amach, chun dul ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal nó chun spriocanna pearsanta a bhaint amach. Déantar cur síos ar an Misean, Fís agus Spriocanna straitéiseacha ó 2019 go 2022 i ráiteas straitéiseach uileghabhálach BOOMSL. Urramaítear sa ráiteas sin an creat ar a bhfuil an obair i ngach scoil agus ionad bunaithe.

Tá Croíluachanna BOOMSL mar bhonn agus taca leis an Misean, an Fhís agus na Spriocanna mar seo a leanas:

- **Dírithe ar an bhfoghlaimoir** - seirbhísí oideachais agus oiliúna gairmiúla, ardchaighdeán, dírithe ar an bhfoghlaimoir a sholáthar

- **Gairmiúil** - caitheamh le gach duine le meas agus cloí le príomhoidí rialachais; gabháil do FGL; cleachtas oibre a athbhreithniú agus a fheabhsú
- **Comhoibritheach** - oibriú i gcomhar le comhghleacaithe, páirtithe leasmhara agus foghlaimeoirí agus cumarsáid le foghlaimeoirí agus comhghleacaithe a fheabhsú
- **Réamhghníomhach**- dírithe ar réiteach, solúbtha agus oscailte do smaointe nua agus seirbhísí a dhéanamh níos freagraí maidir le freastal ar riachtanais foghlaimeoirí agus páirtithe leasmhara
- **Cáilíocht** - oibriú go gníomhach ar chur chuige agus ar chaighdeán nuálacha chun seirbhísí a fheabhsú; córais, cleachtais oibre agus cláir a mheas chun deiseanna feabhsúcháin a aithint agus a chur i bhfeidhm.

Bunú na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

In 2020 bunaíodh an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE). Is é ról RBATNE beartas a mhaoiniú agus a chruthú do na hearnálacha ardoideachais agus breisoideachais agus taighde. Déanfaidh sé maoirseacht freisin ar obair na ngníomhaireachtaí stáit agus na n-institiúidí poiblí atá ag feidhmiú sna réimsí seo, lena n-áirítear BOOanna. Le linn 2021, tharla go leor forbairtí dearfacha i BO mar thoradh ar bhunú RBATNE, go speisialta an tacaíocht a fuair an earnáil le linn na Paindéime.

Is athrú mór é bunú RBATNE chun feabhas leanúnach agus tairiscint luacha Breisoideachais agus Oiliúna (BO) a fheabhsú. Is é ról RBATNE a chinntiú go dtacaíonn agus go spreagann earnáil BO forbairt shóisialta agus eacnamaíoch na hÉireann, agus go háirithe a chinntiú go dtabharfaidh infheistíocht phoiblí agus beartas in BO agus i réimsí eile a bhfuil sí freagrach astu deiseanna do gach duine, lena n-áirítear na daoine is leochailí sa tsochaí.

Tionchair leanúnacha Covid-19

In 2021, bhí tionchair fhorleathan ag an bpaindéim dhomhanda ar fud na seirbhísí BOOMSL uile toisc go raibh ar shaoráidí dúnadh agus gur cuireadh isteach go mór ar ghnáthghníomhaíocht agus ar ghnáthaimh. I mí Márta nuair a bhuail an phaindéim, d'éirigh le BOOMSL cianfhoghlaim éigeandála a chur i bhfeidhm ar fud Sheirbhísí BO. Ag an am seo, athshocraíodh an fócas chun leanúint ar aghaidh ag múineadh agus ag foghlaim, go cianda; chun tacú le foghlaimeoirí a gcúrsaí a chríochnú; agus, ullmhú le haghaidh athoscailte. Ba é ár dtosaíocht i rith 2021, mar a bhí in 2020, sláinte, sábháilteacht agus leas ár bpobal BO uile a chinntiú.

Ar ámharaí an tsaoil, roimh an bpaindéim, de réir ár gcuspóirí straitéiseacha agus ár gComhaontuithe Feidhmíochta Straitéiseacha le SOLAS, bhí infheistíocht shuntasach déanta ag BOOMSL i bhFoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL) agus go háirithe i modheolaíochtaí foghlama cumaisc a fhorbairt agus trealamh a chur ar fáil ar fud na gclár go léir i BOOMSL, ag tacú lenár dTeagascóirí agus lenár bhFoghlaimeoirí araon. Mar fhreagra ar an bpaindéim, bhí BOOMSL in ann cianfhoghlaim éigeandála ar scála mór a chur i bhfeidhm láithreach, ag tógáil ar an obair a bhí déanta aginn cheana agus ag luasghéarú ár gcuspóir de TEL a áireamh i ngach gné de sheachadadh BO. Léiríonn glacadh riachtanach na gcur chuige nua ar scála mór go leor rudaí dearfacha a oireann do chur chuige níos praiticiúla i leith seachadadh lena n-áirítear, creat a thairiscint atá oiriúnach don teagasc a ligeann do BO achomharc a dhéanamh

ar eispéiris éagsúla saoil an scoláire; eispéireas oideachasúil na scoláirí a shaincheapadh; agus oideachas a chur in oiriúint do chineálacha éagsúla d'fhoghlaimoirí aosach.

Mar sin féin, ní raibh an t-aistriú tapa ó fhoghlaim duine le duine agus oiliúint in-chuideachta go ríomhfhoghlaim saor ó locht do go leor foghlaimoirí BO.

In 2021, filladh ar fhoghlaim chumaisc ar an láthair nuair a bhí sé ceadaithe le linn na gcéimeanna éagsúla de na dianghlasála de réir chomhairle an rialtais agus na hearnála. I mí Mheán Fómhair 2021, osclaíodh ár lárionaid BO go léir i gcomhréir iomlán leis na treoirlínte, ar bhonn measúnaithe riosca chun a chinntiú gur féidir teagasc agus foghlaim a sholáthar ina n-iomláine.

Bunú Choláiste Breisoideachais Mhaigh Eo:

Ar an 12 Aibreán 2021, baineadh amach éacht iontach nuair a bunaíodh Coláiste Breisoideachais Mhaigh Eo. Ag cur leis an gcaidreamh oibre táirgiúil agus comhoibritheach idir Coláiste Breisoideachais Chaisleán an Bharraigh agus Coláiste Breisoideachais Chathair na Mart, tugann an coláiste nua an dá institiúid sin le chéile san athrú iontach seo ó thaobh bhreisoideachas agus oiliúint sa réigiún.

Ligeann na cláir agus cúrsaí úrscothacha atá á soláthar ag Coláiste BO Mhaigh Eo do mhic léinn agus do mhúinteoirí freastal ar éilimh na gcúinsí sóisialta agus eacnamaíocha nua-aimseartha. Soláthraíonn an Coláiste deiseanna iontacha oideachais do lucht fágála scoile, foghlaimoirí feadh an tsaoil, foghlaimoirí atá ag filladh ar an oideachas, fostóirí, fostaithe agus an pobal i gcoitinne. Is léaráo foghlama é don réigiún agus tugann sé deis d'fhoghlaimoirí dul chun cinn acadúil, fostaíochta agus sóisialta a dhéanamh. Maidir le Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo:

- is lárionad foghlama den scoth i Maigh Eo agus in Iarthar na hÉireann é;
- is ionad bairr feabhais le cuidiú teicneolaíochta é;
- baineann gné láidir Eorpach leis i bhfianaise an chláir Erasmus+; agus
- soláthraíonn sé réimse gníomhaíochtaí sóisialta agus spóirt d'fhoghlaimoirí.

Tá an fhorbairt i gcomhréir le spriocanna straitéise SOLAS, *'Transforming Future FET: Transforming Learning the National FET Strategy 2020-2024'*. Díreoidh an coláiste ar Scileanna a Fhorbairt, Ionchuimsitheacht a Chothú agus Conairí a Chruthú.

Cláir BO

Le linn 2021, thairg BOOMSL cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha i raon leathan réimsí do dhaonra mór agus éagsúil d'fhoghlaimoirí aosach agus iar-mheánscoile. Tháinig laghdú ar líon na rolluithe mar gheall ar thionchair na paidéime, go háirithe i soláthar oiliúna pobail agus ar conradh, ach freisin ar fud gach cineál soláthair.

In 2021, ghlac thart ar 11,984 páirt i soláthar BO ar fud na trí chontae. Is iad seo a leanas cuid de bhuaicphointí an chláir seo:

Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta in 2021, ghlac 1823 foghlaimeoir páirt i gcúrsaí a bhaineann le réimsí scileanna arduálacha a bhfuil an-éileamh orthu in 8 láthair Chúrsaí Iar-Ardteistiméireacht ar fud Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma. Is cúrsaí lánaimseartha iad a mhaireann bliain amháin. Cuireann siad meascán d'obair phraiticiúil, obair acadúil agus taithí oibre ar fáil. Tá na cúrsaí seo ag Leibhéal 5 agus Leibhéal 6 ar an gCreat CNC i réimsí amhail altranas, gnó, TF, forbairt bogearraí, cúram sláinte, agus an timpeallacht thógtha agus cinn eile nach iad.

Printíseachtaí Is iad printíseachtaí na bealaí aitheanta trína ndéantar daoine a oiliúint chun a bheith ina gceardaithe in Éirinn. Bíonn 3 thréimhse sa seomra ranga agus 4 thréimhse ar an obair i gceist leis an gcóras printíseachta de ghnáth. In 2021, d'earcaigh BOOMLS printísigh, ag obair go dlúth le fostóirí ar fud an réigiúin. Soláthraíonn seirbhísí/agus oiliúint do bhreis agus 2,000 printíseach gach bliain agus oibríonn le breis agus 1,000 fostóir sa bhliain. Tá BOOMSL ar cheann de na BOOanna atá chun tosaigh ó thaobh Printíseachtaí Glúine nua agus é tar éis na Printíseachta i nDíolacháin agus na Printíseachta i mBúistéireacht a fhorbairt agus a bhailíochtú mar an soláthraí comhordaitheora náisiúnta. Tá ag éirí thar barr leis an dá phrintíseacht agus iad ag baint na spriocanna earcaíochta amach agus ag leathnú. Tá BOOMSL ag seachadadh na bprintíseachtaí glúine nua go léir agus na céimeanna lasmuigh den phost i nGruagaireacht, Commis Chef agus sa phrintíseacht TFC nua.

Cúrsaí oiliúna Soláthraíonn cúrsaí oiliúna oiliúint phostsonrach a bhfuil oiliúint dhíreach agus tréimhse shuntasach d'Fhoghlaim Obairbhunaithe (FOB) le fostóir mar chuid díobh. In 2021, bhí 244 foghlaimeoir de chuid BOOMSL ag glacadh páirte i bPrintíseachtaí. Bíonn cúrsaí oiliúna ar fáil go lánaimseartha ó cheann ceann na bliana chun tacú leo siúd atá ag dul leis an lucht saothair agus dóibh siúd atá ag obair ar mhaith leo cur lena gcuid scileanna nó scileanna nua a fhoghlaim. In 2021, sheol BOOMSL Cúrsa Oiliúna nuálach nua náisiúnta i gcomhpháirtíocht le Microsoft - clár an Chúrsa Oiliúna Microsoft Cloud. Tabharfaidh an clár seo na scileanna TFC d'fhoghlaimeoirí atá riachtanach san earnáil nua agus nuálach seo atá an-éileamh uirthi.

Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG): Tá an scéim seo ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach. Tá 9 n-ionad ag BOOMSL ar fud na dtrí chontae agus ghlac 389 foghlaimeoir páirt i gclár SDOG in 2021. Baineann na cláir le réimsí amhail gnó, cuntasaíocht, turasóireacht, inbhuanaitheacht, etc.

Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (TFO): In 2021, ghlac 3,021 foghlaimeoir páirt i gclár TFO BOOMSL ar fud Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma. Soláthraíonn na cláir faoin Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas (BTEI) cláir pháirtaimseartha Breisoideachais do dhaoine óga agus do dhaoine fásta. Is é an aidhm deis a thabhairt do dhaoine an filleadh ar an bhfoghlaim a chónascadh le freagrachtaí eile, cuir i gcás, cúraimí teaghlaigh, oibre agus cúraimí eile. Cuirtear cláir ar fáil ar bhonn páirtaimseartha, ar maidin, um thráthnóna nó istoíche ar fud Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma.

Bunoideachas d'Aosaigh/ Foghlaim don Teaghlach/ Litearthacht agus Uimhearthacht d'Aosaigh: In 2021, ghlac 1,367 foghlaimeoir páirt sna cláir bunoidéachais d'Aosaigh ar fud na dtrí chontae. Is féidir le Foghlaimeoirí Aosaigh leas a bhaint as ranganna i léitheoireacht, scríbhneoireacht, litriú, TF agus matamaitic laethúil i ngrúpaí beaga. Tosaíonn siad ar fad ag an tús agus téann siad ar luas an mhic léinn. Is féidir le foghlaimeoirí fásta leas a bhaint as

cúrsaí litearthachta téamaí mar shampla i sláinte, cócaireacht, gairneoireacht nó cothabháil carranna agus iad ag feabhsú scileanna litearthachta.

Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL) cuidíonn sé le daoine fásta a gcuid Béarla labhartha agus scríofa a fheabhsú. In 2021, bhí 677 foghlaimoir de chuid BOOMSL ag glacadh páirte i ranganna ESOL ar fud na dtrí chontae.

An Clár Athlonnaithe Dídeanaithe Tá BOOMSL ag obair le hÚdaráis Áitiúla (tríd an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúla) agus páirtithe leasmhara eile chun seirbhísí a aithint agus a chur ar fáil do shaoránaigh go ginearálta agus, go sonrach, do ghrúpaí imeallaithe agus i gcontúirt, m.sh. dídeanaithe i ngach ceann de na trí chontae agus tionscnaimh nua chun cabhrú le grúpaí den Lucht Siúil Faoi láthair, tá BOOMSL ag obair le go leor teaghlach agus dídeanaithe cláir ar fud na dtrí chontae.

Oideachas Pobail tagraíonn sé d'oideachas agus d'fhoghlaim aosach, lasmuigh den earnáil oideachais fhoirmiúil, de ghnáth. Tá sé mar aidhm aige pobail a chumhachtú agus tacú leo. Tá sé fréamhaithe go dlúth sa phobal, le grúpaí áitiúla freagrach as na cúrsaí a eagrú agus ábhar an chláir a chinneadh. Cuireann an scéim ar chumas daoine fásta atá faoi mhíbhuntáiste leas a bhaint as oideachas pobail ar bheagán costais nó in aisce. In 2021, ghlac 2,698 duine páirt i gCúrsaí Oideachais Pobail ar fud Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma.

Cúrsaí Oiliúna Sainscileanna maireann na cúrsaí seo sé mhí de ghnáth agus is é is aidhm dóibh ná aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnó agus tionsclaíochta thar raon earnálacha. In 2021, ghlac 178 foghlaimoir páirt i gcúrsaí oiliúna i scileanna ar leith. Bíonn cúrsaí lánaimseartha i gceist agus bíonn siad ar siúl i gcaitheamh na bliana chun freastal orthu siúd atá sa tóir ar fhostaíocht don chéad uair agus orthu siúd ar mhian leo scileanna nua a fhoghlaim nó cur lena scileanna chun a gcuid deiseanna fostaíochta a fheabhsú amach anseo.

Ionaid Oiliúna Pobail Ógtheagmháil(STA)/Scileanna don Obair (SFW) Is clár oideachais agus oiliúna agus taithí oibre é do lucht fágála scoile, idir 16 agus 20 bliain d'aois, a chuirtear ar fáil i suíomh lasmuigh den scoil. Tá sé mar aidhm ag Ógtheagmháil na croí-scileanna a theastaíonn le haghaidh tuilleadh foghlama a fhorbairt agus daoine óga a ullmhú le dul ar aghaidh chuig breisoideachas / oiliúint nó chuig fostaíocht. Feidhmíonn BOOMSL cúig Ionad Ógtheagmhála, trí cinn i Maigh Eo, ceann i Sligeach agus ceann i Liatroim. In 2021, ghlac 386 foghlaimoir páirt in Ógtheagmháil/Ionaid Oiliúna Pobail ar fud na gcúig lárionad.

Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla Soláthraíonn BOOMSL i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobalbhunaithe raon seirbhísí oiliúna réamhghníomhacha, réamhghníomhach / bainteach leis an bpost, chun cabhrú le daoine dul isteach sa mhargadh saothair gníomhach / dul isteach arís ann. In 2021, ghlac 175 duine páirt i dtionscnaimh oiliúna áitiúla ar fud Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma.

Scileanna Chun Dul Chun Cinn (STA)/ Scileanna don Obair (SFW) Is clár náisiúnta é atá dírithe ar dheiseanna oiliúna oideachais a sholáthar chun cabhrú le fostaithe déileáil leis na héilimh bhunúsacha ar scileanna oideachais san ionad oibre. Tá cúrsaí STA dírithe ar rannpháirteachas i bhfoghlaim feadh an tsaoil a mhéadú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna rithábhachtach d'fhostóirí. Soláthraíonn cúrsaí SFW bunoidreachas don ionad oibre agus d'fhéadfaí go n-áireofaí éagsúlacht ábhar a thacaíonn le riachtanais oideachais fostaithe ina

gcuid dóibh. In 2021, ghlac 314 duine páirt i gCúrsaí Scileanna Dul Chun Cinn ar fud Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma.

Music Generation Soláthraíonn Music Generation Mhaigh Eo, Music Generation Shligigh agus Music Generation Liatroma seirbhísí oideachais ceoil léirithe ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga 0- 18 mbliana d’aois. Leanann BOOMSL de rannpháirteachas in oideachas ceoil a chur chun cinn agus a fhorbairt ar fud na dtrí chontae.

Ionaid Oideachais Allamuigh Feidhmíonn BOOMSL dhá Ionad Oideachais Allamuigh, in Acaill, Co. Mhaigh Eo agus i mBaile na gCléireach, Co. Mar thoradh ar Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Acla, a bunaíodh i 1971, forbraíodh aon ionad déag BOO eile ar fud na tíre agus d’fhorbair an tionscal allamuigh ar fud na tíre. Forbraíonn an t-ionad cláir shaincheaptha, trí úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí eachtraíochta agus an timpeallacht allamuigh chun forbairt fhisiciúil, shóisialta agus intleachtúil rannpháirtithe a spreagadh.

Cúrsaí tráthnóna agus ranganna oíche féinmhaoinithe Seachadann BOOMSL ranganna oíche i roinnt ionad ar fud na dtrí chontae. Tá na ranganna seo dírithe ar dhaoine fásta atá ag iarraidh a gcáilíochtaí a chur chun cinn, scil nua a fhoghlaim nó leasanna pearsanta a iniúchadh. Ghlac thart ar 500 foghlaimeoir páirt sna cláir seo in 2021. Soláthraíonn BOOMSL, trí Choláiste BO Mhaigh Eo, an Teastas Glas, clár um fhoghlaim chumaisc atá ardnúalach agus atá ag dul ó neart go neart.

Obair Óige

I measc gníomhaíochtaí BOOMSL maidir le hobair don ógra in 2021 na seirbhísí seo a leanas:

- Riarachán agus maoirseacht ar na scéimeanna deontais seo a leanas do ghrúpaí óige faoi stiúir oibríthe deonacha agus á n-oibriú ag oibríthe deonacha:
 - Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla
 - Scéim Mion-Deontais COVID-19
 - Scéim Deontais Infheistíochta TFC
- **Caighdeáin Náisiúnta Cáilíochta** a chur i bhfeidhm do Ghrúpaí Óige faoi stiúir Oibríthe Deonacha agus Creat Náisiúnta um Chaighdeáin Cháilíochta don Earnáil Óige
- **Riarachán agus maoirseacht ar mhaoiniú do thionscadail óige** faoi stiúir foirne, faoi na scéimeanna seo a leanas:
 - Scéim UBU D’Áit Do Spás
 - Scéim Ionad Faisnéise na nÓg
 - Scéim Maoinithe Caipitil Óige
 - Scéime Deontais Seirbhíse Óige LGBTI+.
 - Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Iarthuaiscirt (arna mhaoiniú ag an Roinn Sláinte)
 - Tionscnamh Spriocdhírthe um Infhostaitheacht Óige
- Rannpháirtíocht agus rannpháirtíocht na n-óg trí thacaíocht a thabhairt do **Chomhairlí na nÓg** i ngach ceann contae de Mhaigh Eo, Sligeach agus Liatroim.
- **Planet Youth (Maigh Eo)** - Is samhail idirnáisiúnta um chosc príomhúil idirnáisiúnta é bunaithe ar fhianaise a forbraíodh d’fhonn rátaí mí-úsáide substaintí a laghdú i measc daoine óga.
- Tionscnaimh Meabhairshláinte na nÓg i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim

Chomh maith leis na seirbhísí a bhfuil cuntas orthu thuas, thacaigh BOOMSL le **comhordú gníomhaíochtaí oibre óige** le seirbhísí eile trí rannpháirtíocht i raon leathan coistí idirghníomhaireachta. Go suntasach, áiríodh orthu seo **Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga** agus a bhfostruchtúir éagsúla i ngach contae. Bhí ról tábhachtach ag Oifigigh Óige BOOMSL, trína rannpháirtíocht sna grúpaí seo, i rith na bliana maidir le cur chuige comhpháirtíochta a threorú chun na spriocorthaí a leagtar amach sna Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga

Faoi chlár Athchóirithe Óige RLCMLÓ, cuireadh tús leis an scéim nua **UBU D'Áit Do Spás** i mí Iúil 2020, rud a chiallaíonn gurbh é 2021 an chéad bhliain iomlán d'fheidhmiú na scéime sin. Rinneadh obair shuntasach leanúnach mar chuid de na tionscadail mhaoinithe UBU le linn 2021 maidir leis an gclár nua seo, lena n-áirítear cur chun feidhme iomlán an Chreata Teagmhála um Fheidhmíocht agus Maoirseacht leis na tionscadail ar fad. Rinneadh obair thábhachtach mar chuid de thionscadail a rinneadh i Maigh Eo, Sligeach agus Liatroim le linn na paidéime chun tacú le daoine óga, tréimhse nuair a bhí an méadú ar na cásanna deacrachtaí meabhairshláinte a tuairiscíodh maidir le daoine óga ina ábhar imní.

Is díol suntasais é go raibh BOOMSL ar cheann den dá BOO go náisiúnta a fuair tionscadal nua UBU faoi phróiseas iomaíoch arna réachtáil ag RLCMLÓ le linn shamhradh 2021, nuair a d'éirigh lena iarratas chun **seirbhís óige nua a bhunú in Iorras**, Co. Mhaigh Eo. Déanfaidh an tseirbhís nua seo, arna oibriú ag Foróige, obair ar fud leithinis Iorrais. Tá an tionscadal lonnaithe i mBéal an Mhuirthead, le for-rochtain go dtí an Eachléim agus Ros Dumhach/an Corrán Buí. Cuireadh tús leis an tseirbhís go déanach in 2021.

Chomh maith leis sin, trí phróiseas iomaíoch eile a réachtaladh ag deireadh 2021, fuair BOOMSL ceann amháin de na hocht dtionscadal UBU nua ar fud na tíre, i **Sligeach Theas** an uair seo. Is é BOOMSL an t-aon BOO a fuair dhá thionscadal UBU in 2021. Bunófar an tseirbhís óige nua do Shligeach Theas in 2022.

Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Cruthaitheach:

In 2021, fuarthas dearbhú go raibh BOOMSL ar cheann de na trí láthair nua a roghnaíodh chun Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Cruthaitheach a fhorbairt, i ndiaidh próisis iarratais a réachtáladh den chéad uair in 2018. Maoinítear an clár seo faoin gclár Éire Ildánach agus tagann maoiniú ón Roinn Oideachais agus ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Is príomh-chomhpháirtí de BOOMSL í **Comhairle Náisiúnta na nÓg** maidir leis an gComhpháirtíocht Áitiúil Óige Cruthaitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Tabharfaidh Comhpháirtíocht Áitiúil Óige Cruthaitheach Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma ionadaithe den earnáil oideachais neamhfhoirmiúil agus den earnáil oibre óige le chéile, chomh maith le heagraíochtaí áitiúla a bhaineann leis na healaíona, cúrsaí cultúir agus cúrsaí cruthaitheacha, chomh maith le gníomhaireachtaí ábhartha eile. Mar bhonn taca den Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Cruthaitheach, beidh an smaoineamh go gcothaíonn comhpháirtíocht i ngníomhaíocht cultúrtha an chruthaitheacht phearsanta agus an chruthaíocht chomhchoiteann, chomh maith le himpleachtaí suntasacha a chruthú d'fholláine agus éachtaí aonair agus d'fholláine agus éachtaí na sochaí freisin. Is é is cuspóir leis ná cláir

a chruthú a fhreagraíonn do riachtanais, spéiseanna agus eispéiris daoine óga i dtimpeallachtaí ‘lasmuigh den scoil’, agus béim ar leith á cur orthu siúd atá imeallaithe nó faoi mhíbhuntáiste chun tacú leo a bheith réamhghníomhach ó thaobh athruithe a chur i bhfeidhm ina bpobail áitiúla. Is iad leanaí agus daoine óga suas go 24 bliana d’aois spriocphobal Chomhpháirtíocht Áitiúil Óige Cruthaitheach Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, agus tugtar tús áite dóibh siúd atá 10-24 bliana d’aois.

Go déanach in 2021, rinneadh obair luath maidir leis an gComhpháirtíocht Áitiúil Óige Cruthaitheach a bhunú agus a rolladh amach agus bhí an clár go hiomlán oibríochtúil in 2022.

An tSeirbhís um Threoir agus Faisnéis san Oideachas Aosach

Le linn na Dianghlasála Covid 19 rinne foireann seirbhíse Treorach agus Faisnéise um Oideachas Aosach BOOMSL oiriúnú agus freagairt go tapa agus go rathúil ag bualadh le cliaint, daoine aonair agus grúpaí foghlaimeoirí go cianda agus go sábháilte. In 2021, i gcomhréir le Treoirlínte an Rialtais maidir leis an bPaindéim, thosaigh ár dTreoirsheirbhísí duine le duine an athuair ar an láthair agus go fíorúil, de réir mar a bhí á lorg ag ár gcliaint. D’fhan an caidreamh leis na cliaint comhsheasmhach leis na leibhéil a raibh ann roimh Covid.

Bhuail an tseirbhís le grúpaí foghlaimeoirí ar bhonn fíorúil trí oibriú go dlúth le Comhordaitheoirí agus Teagascóirí clár i gcúrsaí lánaimseartha mar VTOS, Ógtheagmháil, PLC agus Printíseacht agus Clár oiliúna ar conradh, agus i seirbhísí Páirtaimseartha ar nós BTEI agus Litearthacht Aosach. Bhí Oifigigh Faisnéise i dteagmháil le cliaint ionchasacha trí na meáin shóisialta agus trí chomhoibriú leis an uimhir 1800 nuabhunaithe.

Le linn na tréimhse seo, d’óstáil an tseirbhís Treorach tionscadail nuálacha an-rathúla ar nós sraith de Sheimineáir Ghréasáin maidir le Folláine, Díghlasáil do Thodhchaí, Na Chéad Chéimeanna Eile, forbairt Leabharlanna Faisnéise, mapáil gairme, ceardlanna samhraidh fíorúla.

Rannpháirtíocht Fostóirí

Bhunaigh BOOMSL Grúpa Rannpháirtíochta Fostóirí agus bunachar sonraí fostóirí. Leanann BOOMSL de chomhoibriú a dhéanamh le fostóirí, grúpaí fostóirí (IBEC, ACBI, CIF, IHFRAI, srl.), Fóraim Scileanna Réigiúnacha, soláthraithe oideachais, gníomhaireachtaí stáit (SOLAS, an Gníomhaireacht Forbartha Tionscail, Fiontraíocht Éireann, Oifigí Fiontraíochta Áitiúil, srl.) Faoi láthair, tá struchtúr á fhorbairt ag BOOMSL chun córas cumarsáide idirghníomhach eagraithe agus bainistithe dhá bhealach idir fostóirí agus an BOO a chumasú.

An Ciste um Míbhuntáiste Oideachais a Mhaolú (MAEDF)

Sheol BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma i gcomhar le SOLAS glao oscailte ar mhaoiniú i mí na Samhna 2021 dírithe go príomha ar Sholáthraithe / Grúpaí Oideachais Pobail áitiúla. Bhí sé mar aidhm ag an gCiste um Míbhuntáiste Oideachais a Mhaolú (MAEDF) aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachais a d’fhéadfadh a bheith ag foghlaimeoirí fásta agus bhí fócas faoi leith aige ar thacú le rannpháirtíocht agus le hath-rannpháirtíocht foghlaimeoirí aosach sa phobal. Bhí sé mar aidhm ag an nglao seo bacainní ar rannpháirtíocht i mBreisoideachas agus Oiliúint (BO) a laghdú trí rochtain níos leithne ar theicneolaíochtaí digiteacha, trealamh, ábhair agus tacaíochtaí eile a éascú.

In 2021, chuir BOOMSL maoiniú ar fáil do 94 ghrúpa idir 3 chontae ar suim iomlán de €450,737.59.

Eolas teagmhála

PRÍOMHOIFIG, MHAIGH EO

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
An Baile Nua,
Caisleán An Bharraigh
Co. Mhaigh Eo
F23 DV78

HEAD OFFICE, MAYO

Mayo, Sligo and Leitrim
Education and Training Board
Newtown
Castlebar
Co. Mayo
F23 DV78

Teil: +353 (0)94 902 4188 **Faics:** +353 (0)94 902 4187 **R-phost:** infomayo@msletb.ie

SLIGEACH

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma,
Sráid Na Cé
Sligeach
F91 XH96

SLIGO

Mayo, Sligo and Leitrim
Education and Training Board,
Quay Street
Sligo
F91 XH96

Teil: +353 (0)71 91 94800 **Faics:** +353 (0)71 91 44121 **R-phost:** infosligo@msletb.ie

LIATROMA

Bord Oideachais agus Oiliúna
Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma,
Ardán Sheoirse Naofa,
Cora Droma Rúisc
Liatroma
N41 W2X7

LEITRIM

Mayo, Sligo and Leitrim
Education and Training Board,
St. George's Terrace
Carrick-on-Shannon Co.
Co. Leitrim
N41 W2X7

Teil: +353 (0)71 96 20024 **Faics:** +353 (0)71 96 21362 **R-phost:** infoleitrim@msletb.ie

SUÍOMH GRÉASÁIN

<http://msletb.ie>

Gluais

TFO	Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachais
C&AG	An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
CE	Príomhfheidhmeannach
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
IOP	Ionaid Oiliúna Pobail
DE	An Roinn Oideachais
RCS	An Roinn Coimirce Sóisialaí
RBATNE	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta
ESOL	Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
BO	Breisoideachais agus Oiliúint
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
HSA	An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
CFPÁ	Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
LTI	Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla
MEP	Comhpháirtíocht Oideachais Cheoil
BOOMSL	Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma
LNTO	Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachais
CNC	Creat Náisiúnta Cáilíochtaí.
NPHET	An Fhoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí
NQSF	Creat Náisiúnta um Chaighdeán Cháilíochta don Earnáil Oibre don Aos Óg
SFGM	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
CIA	Cúrsaí Iar-Ardteistiméireacht
QQI	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
SCP	An Clár Críochnaithe Scoile
RSO	Riachtanais Speisialta Oideachais
SFW	Scileanna i gcomhair na hOibre
SSRP	Comhpháirtíocht Spóirt agus Áineasa Shligigh
STB	Seirbhísí do Ghnó
Idir-bhliain	An Idirbhliain
CGO	Coiste Gairm-Oideachais
SDOG	Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais

Aguisín 1: Scoileanna, Ionaid agus Coistí BOOMSL

SCOILEANNA	SONRAÍ
Maigh Eo	
Coláiste Pobail Acla	Poll Rathnaí, Gob an Choire, Co. Mhaigh Eo, F28 CP49 http://colaistepobailacla.ie/
Coláiste Dháibhéid agus Coláiste Breisoideachais Chaisleán an Bharraigh	Mhaigh Eo, F23 VY15 www.davittcollege.com /An Baile Nua, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo, F23 EW84 https://ccfe.ie/
Coláiste na Maighne	Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 W884 www.moynecollege.ie
Coláiste Chomain	Ros Dumhach, Co. Mhaigh Eo, F26 YR99 www.gcr.ie
Coláiste Bhreandáin	Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo, F26 C782 www.stbrendanscollege.com
Coláiste Pobail Sheosaimh	Béal Átha na Sróna, Baile Chathail, Co. Mhaigh Eo, F12 WE19 www.sjcc.ie
Coláiste Phádraig	Crois Lacken, Cill Ala, Co. Mhaigh Eo, F26 NW52 www.lackencross.ie
Coláiste Thiarnáin	Crois Mhaoilfona, Co. Mhaigh Eo, F26 WK25 mayosligoleitrim.etb.ie/school/st-tiernans-college/ http://mayosligoleitrim.etb.ie/school/st-tiernans-college/
Cathair na Mart, Co.	Mhaigh Eo, F28 TP82 www.westportcfe.ie
Sligeach	
Coláiste Pobail Bhéal Átha an Fhóid agus Coláiste Breisoideachais Shligigh	Bóthar an Ghalltrumpa, Sligeach, F91 DY66 www.ballinodecollege.com / www.sligocfe.ie
Coláiste Iascaigh	Iascaigh, Co. Shligigh, F26 EC56 www.colaisteiascaigh.ie
Iarbhunscoil Chúil Dheá	Baile idir Dhá Abhainn, Co. Shligigh, F52 XE71 www.coola.ie

Coláiste an Chorrainn	Baile an Mhóta, Co. Shligigh, F56 DP86 www.corrancollege.com
Iarbhunscoil na Gráinsí	An Ghráinseach, Co. Shligigh, F91 F722 grangepps.ie
Coláiste Thuaisceart Chonnacht	Tobar an Choire, Co. Shligigh, F91 X883 northconnaughtcollege.net
Liatroim	
Gairmscoil Charraig Álainn	Carraig Álainn, Co. Liatroma, H12 TD72 mayosligoleitrim.etb.ie/school/carrigallen-vocational-school
Gairmscoil Dhroim Seanbhó	Droim Seanbhó, Co. Liatroma, N41 D623 www.dvs.ie
Coláiste Loch Aillionn	Droim Caorthainn, Co. Liatroma, N41 XT98 www.loughallencollege.ie
Coláiste Pobail Mhaothla	Maothail, Co. Liatroma, N41 YT72 mohillcommunitycollege.ie

IONAID BHREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA	SONRAÍ
Maigh Eo:	
Ionaid Oiliúna Bhéal an Átha	Ceathrú an Chaisleáin Thiar, Béal an Átha, F26 P278
Ionad Breisoideachais Páirtaimseartha Chlár Chlainne Mhuiris	Lána an tSéipéil, Chlár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo, F12 F5W7 Ionad Breisoideachais Acla
Ionad Breisoideachais Acla,	Ionad Oideachais Allamuigh Acla, Acaill, Co. Mhaigh Eo, F28 H7F2
SLOG Bhéal Átha na Muice	Béal Átha na Muice, Co. Mhaigh Eo, F12 DC93
SLOG / Ógtheagmháil Bhéal an Átha	Bóthar na hArdeaglaise, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 FEF4
SLOG / Ógtheagmháil Bhaile an Róba/ Ionad Breisoideachais Bhaile an Róba	Baile an Róba, Co. Mhaigh Eo, F31 FK54
Ógtheagmháil Choillte Mach	Coillte Mach, Co. Mhaigh Eo, F12 CK33
Ionad Breisoideachais Bhéal an Mhuirthead	Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo, F26 D8H2
Ionad Breisoideachais Bhéal an Átha	Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, F26 E264
Ionad Breisoideachais Bhéal Átha hAmhnais	Béal Átha hAmhnais, Co. Mhaigh Eo, F35 A064
Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna Caisleán an Bharraigh	Caisleán an Bharraigh (Droichead an Rí), F23 FW70
Sligeach:	
Ionad Oideachais Aosaigh, Sligeach	Sráid an Chaisleáin, Sligeach, F91 DK33
Coláiste Bhéal Átha an Fhóid / Coláiste Breisoideachais Shligigh	Sráidbhaile an Ghalltrumpa, Béal Átha an Fhóid, Sligeach
Ionaid Oiliúna Shligigh	Baile Uí Theimhneáin, Sligeach, F91 N284
Ógtheagmháil Shligigh	Eastát Tionscail Chliabhraigh, Sligeach, F91 FY68
Liatroim:	
PLC - Mayflower, Droim Seanbhó	Droim Seanbhó, Co. Liatroma, N41 Y8P6
Oideachas Aosach - Ionad Bee Park, Baile Hamaltúin	Baile Hamaltúin, Co. Liatroma, F91 HCD9
Oideachas Aosach - Presentation House, Cora Droma Rúisc	Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma, N41 A2H5
Coláiste Marion	Maothail, Co. Liatroma, N41 CY58

COISTÍ BOO MHAIGH EO, SHLIGIGH AGUS LIATROMA

An Coiste Iniúcháireachta

Coiste Airgeadais

An Coiste Breisoideachais agus Oiliúna

An Coiste um Obair don Óige

Coiste Comhairleach Ógtheagmhála

Coiste Comhairleach Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Acla

**Tá ionadaithe ag BOOMSL freisin ar Choistí na nInstitiúidí Teicneolaíochta
ag IT Shligigh, IT na Gaillimhe-Mhaigh Eo agus IT Leitir Ceanainn**

Aguisín 2: Naisc le Tuarascálacha

Tuarascálacha cigireachta nó naisc le tuairiscí na scoileanna:

- [Ag Tacú le Soláthar Sábháilte
Scolaíochta](https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/tacu-le-solathar-sabhailte-scolaiochta/)<https://www.gov.ie/ga/foilsuichan/tacu-le-solathar-sabhailte-scolaiochta/>